Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

# An Plean Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2029

## Dréacht Comhairliúcháin Phoiblí

## Samhna 2023



Grianghrafadóir - Chaosheng Zhang

## Réamhrá

**An Comhairleoir Eddie Hoare, Méara Chathair na Gaillimhe**

Is é an t-athrú aeráide an dúshlán is suntasaí do gach pobal i gCathair na Gaillimhe. In Éirinn, tá tionchair an athraithe aeráide le feiceáil anois agus go leor áiteanna inár dtír faoi thuilte tar éis stoirmeacha agus báisteach ard leanúnach, agus an méid millteanach mar thoradh air á chur ar ghnólachtaí, ar thithe agus ar phobail dá bharr.

Is cloch mhíle shuntasach é Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide tionscnaimh Chathair na Gaillimhe i dtiomantas na Cathrach bearta a chur i bhfeidhm chun athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó agus í ag iarraidh todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach. Leagann an plean seo amach spriocanna uaillmhianacha chun gníomh claochlaitheach a sheachadadh thar gach feidhm de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus ar fud Chathair na Gaillimhe. Tugann gníomhaíocht ar son na haeráide deiseanna freisin do phobail agus do ghnólachtaí chun inbhuanaitheacht, bithéagsúlacht, taisteal gníomhach a chur chun cinn agus chun athruithe dearfacha a dhéanamh inár saol laethúil. Cuirim fáilte roimh an bplean seo mar chéim shuntasach bhreise chun ár spriocanna 2030 a bhaint amach agus dul chun cinn i dtreo Chathair na Gaillimhe atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050 i gcomhréir le spriocanna Phlean Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann.

**Patricia Philbin, Príomhfheidhmeannach Eatramhach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe**

Is forbairt bhreise dhearfach é Plean Gníomhaíochta Aeráide an Údaráis Áitiúil seo chun Cathair na Gaillimhe atá níos inbhuanaithe agus níos neodrach ó thaobh aeráide de a chruthú. Mar bhall sínithe de Mhisin an AE um Oiriúnú don Athrú Aeráide, NetZeroPilot, Intelligent City Challenge, agus European Green Leaf City, ba mhaith linn a bheith ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht aeráide agus comhoibriú le Cathracha Eorpacha eile ar an turas chuig neodracht aeráide. Ní raibh comhoibriú níos tábhachtaí riamh maidir le plé a choinneáil ar bun le muintir na Gaillimhe ionas go mbeadh gníomhaíocht aeráide agus athléimneacht ar thús cadhnaíochta inár gcathair i ngach rud a dhéanaimid. Agus muid ag feiceáil imeachtaí foircneacha aimsire cosúil le stoirmeacha méadaithe, tuilte, agus triomaigh anseo in Éirinn, agus teochtaí a shroicheann os cionn 50°C ar mhórthír na hEorpa, tá cliseadh aeráide ag éirí fíor-fheiceálach. Meabhraíonn na himeachtaí seo dúinn go bhfuil freagracht

orainn go léir ár n-astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú agus roghanna dearfacha Aeráide a dhéanamh. Beidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun tosaigh sa ghníomhaíocht sin, ag obair i gcomhpháirtíocht le gnólachtaí agus lenár bpobail ar fud na cathrach.

Leabóidh an plean seo gníomhaíochtaí ar son na haeráide isteach i ngach ceann de ranna na Comhairle Cathrach. Leagtar amach gníomhaíochtaí agus trí ghníomhaíocht aeráide a phríomhshruthú isteach i ngach beartas agus tionscadal, le táscairí dul chun cinn intomhaiste do gach gníomh. Trí na gníomhartha seo a sheachadadh, ag ionchorprú rannpháirtíocht ón bpobal agus ó ghnólachtaí, is féidir linn an t-athrú bunathraithe riachtanach a sheachadadh ar fud na cathrach dá muintir go léir.  Cuireann sé i láthair freisin ár treochlár tionscnaimh chun ár spriocanna náisiúnta a bhaint amach, laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 agus tús a chur leis an mbealach chuig neodracht aeráide faoi 2050. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí tofa, le grúpaí leasmhara, le comhlachtaí reachtúla agus leis an bhfoireann a chuidigh ar bhealach gníomhach le forbairt an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide seo agus táim ag tnúth leis an turas atá romhainn chun Cathair na Gaillimhe a chruthú atá athléimneach ó thaobh na haeráide de do chách.



Photographer Credit - Chaosheng Zhang

## Achoimre Feidhmiúcháin

Tá tús áite á thabhairt go domhanda anois do dhul i ngleic le hathrú aeráide, agus tá dul chun cinn maith déanta ag na hiarrachtaí a dhírítear ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, aistriú chuig foinsí fuinnimh in-athnuaite, feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh, cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn, agus oiriúnú d’athrú aeráide.

D’ullmhaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe (CCG) an Dréachtphlean Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide (LACAP) 2024-2029 seo le Cathair ísealcharbóin agus atá seasmhach ó thaobh na haeráide a chruthú, trí dhea-chleachtas i ngníomhú ar son na haeráide a sholáthar agus a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil. Tagann seo le Cuspóir Aeráide náisiúnta foriomlán an Rialtais, a leagtar amach i Staidbheartas Náisiúnta na hÉireann um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, a lorgaíonn aghaidh a thabhairt, tráth nach déanaí ná deireadh 2050, ar an aistriú chuig geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide, ag a bhfuil saibhreas bithéagsúlachta, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá neodrach ó thaobh na haeráide de.

Leagtar sainordú sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 ar an earnáil phoiblí glacadh le ról ceannaireachta i dtaobh gníomhú ar son na haeráide forleathan a chur chun cinn i measc a foirgneamh, a hiompair, a dramhaíola, agus a húsáide fuinnimh, anuas ar thionchar a imirt ar an tsochaí i gcoitinne. I measc na spriocanna Earnála Poiblí, tá astaíochtaí féin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a laghdú faoi 51% faoin mbliain 2030 agus éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a mhéadú ón sprioc 33% in 2020 go dtí 50% faoin mbliain 2030. Tá na spriocanna seo le baint amach agus litearthacht aeráide á méadú san earnáil phoiblí, agus soláthar poiblí glas á chur i bhfeidhm, agus foirgnimh earnála poiblí á n-iarfheistiú.

Is í an fhís do Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2024-2029 go mbeidh an chathair Seasmhach ó thaobh na hAeráide, Saibhir ó thaobh Bithéagsúlachta, Inbhuanaithe ó thaobh Comhshaoil agus Neodrach ó thaobh Carbóin tráth nach déanaí ná deireadh 2050. Bainfear seo amach trí athrú claochlaitheach agus gníomhú ar son na haeráide intomhaiste a sholáthar laistigh dár n-eagraíocht agus dár seirbhísí féin agus ar fud Chathair na

Gaillimhe, trí cheannaireacht, sampla, agus gníomhaíocht a chur i ngníomh ar leibhéal áitiúil.

Cabhróidh cur i bhfeidhm na ngníomhartha a leagtar amach i Straitéis Oiriúnaithe don Aeráid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2019-2024 anuas orthu siúd a dtugtar cuntas orthu sa Dréachtphlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2029 seo, le Comhairle Cathrach na Gaillimhe bearta um ghníomhú ar son na haeráide a leabú i measc na seirbhísí uile údaráis áitiúil, agus spriocanna agus amlínte réalaíocha agus inbhainte amach á leagan síos lena soláthar.

Is tábhachtach an gaol idirghníomhach a aithint idir bithéagsúlacht agus gníomhú ar son na haeráide. Ní hamháin go bhfuil an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a athchóiriú ríthábhachtach ar mhaithe léi féin, tá sé ríthábhachtach freisin lenár spriocanna aeráide a bhaint amach. Ar an gcuma chéanna, tá dul i ngleic le hathrú aeráide ríthábhachtach leis an mbithéagsúlacht agus leis na héiceachórais a thacaíonn leis an mbeatha ar domhan a chosaint.

Cabhróidh iarrachtaí comhoibritheacha idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus na Páirtithe Leasmhara Áitiúla, Réigiúnacha agus Náisiúnta le peirspictíochtaí agus saineolas éagsúil a thabhairt le chéile, agus cothóidh siad nuálaíocht agus réitigh i leith na gcomhspriocanna a bhaint amach – astaíochtaí a laghdú agus bithéagsúlacht a fheabhsú ar fud Chathair na Gaillimhe.

Gheall na Baill Thofa, i gcomhar le Feidhmeannacht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, do na spriocanna náisiúnta a bhaint amach maidir le hastaíochtaí a laghdú san earnáil phoiblí. De réir mar a leantar le fás agus forbairt leanúnach a thabhairt faoi deara i gCathair na Gaillimhe, geallann Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun tacú le páirtithe leasmhara agus pobail áitiúla bearta oiriúnaithe agus maolaithe a thuiscint agus a chur i bhfeidhm lena chinntiú gur féidir le Cathair na Gaillimhe obair i dtreo todhchaí níos inbhuanaithe agus atá seasmhach ó thaobh na haeráide a bhaint amach.

DRAFT

# Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| 1 | Réamhrá | 9 |
| 1.1 | Athrú Aeráide, a thábhacht, a thionchair agus a rioscaí i dtaobh na Gaillimhe | 9 |
| 1.2 | Achoimre ar Chomhthéacs an Bheartais Aeráide | 12 |
| 1.3 | An gá atá le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide | 14 |
| 1.4 | Struchtúr an Dréacht-LACAP | 18 |
| 1.5 | Próiseas Déanta an Phlean | 18 |
| 2 | Gníomhú ar son na hAeráide Fianaisebhunaithe | 22 |
| 2.1 | Rioscaí Aeráide Chathair na Gaillimhe | 23 |
| 2.1.1 | Measúnú Riosca Athraithe Aeráide | 23 |
| 2.1.2 | Teagmhais Adhaimsire | 24 |
| 2.1.3 | Rioscaí Aeráide Amach Anseo | 26 |
| 2.2 | Fardal Astaíochtaí Bonnlíne Chomhairle Cathrach na Gaillimhe | 28 |
| 2.2.1 | Foinsí Astaíochtaí i gCathair na Gaillimhe | 28 |
| 3 | Creat Gníomhartha ar son na hAeráide | 31 |
| 3.1 | Fís agus Misean an Phlean | 31 |
| 3.2 | Díriú Téamach | 32 |
| 3.2.1 | Rialachas agus Ceannaireacht | 34 |
| 3.2.2 | Fuinneamh agus Timpeallacht Thógtha | 36 |
| 3.2.3 | Teacht Aniar agus Aistriú Pobal | 37 |
| 3.2.4 | An Comhshaol agus Bithéagsúlacht | 38 |
| 3.2.5 | Iompar agus Soghluaisteacht | 40 |
| 3.2.6 | Inbhuanaitheacht agus Bainistíocht Acmhainní | 41 |
| 4 | Crios Dícharbónaithe | 43 |
| 4.1 | Léargas Ginearálta ar an CD | 43 |


DRAFT

4.2 Próifíl Astaíochtaí an CD 47

4.3 Fís agus Misean an CD 47

4.4 Príomhpháirtithe Leasmhara an CD agus Teacht Aniar Pobail 50

4.5 Gníomhartha an CD 53

4.5.1 Gníomhartha Príobháideacha Cónaithe an CD 57

4.5.2 Iompar agus Soghluaisteacht sa CD 58

4.5.3 Gníomhartha Tráchtála agus Tionsclaíochta an CD 60

4.5.4 Gníomhartha Tithíochta Sóisialta an CD 61

4.5.5 Gníomhartha Cathrach an CD 63

4.5.6 Gníomhartha Inbhuanaitheacht agus Bainistíochta Acmhainní an CD 65

4.6 Bealach Foriomlán Dícharbónaithe an CD agus Achoimre 66

5 Cur i bhFeidhm agus Tuairisciú 69

5.1 Ár gCur Chuige i leith Cur i bhFeidhm 69

5.1.1 Cur Chuige um Chur i bhFeidhm Inmheánach 69

5.1.2 Cur Chuige um Chur i bhFeidhm Seachtrach 69

5.1.3 Cistiú agus Comhpháirtíochtaí 70

5.2 Ár nDul chun Cinn a Thomhas 71

5.3 Riachtanais agus Socruithe Tuairiscithe 72

Aguisíní 74

DRAFT



Grianghrafadóir: Chaosheng Zhang

# 1 Réamhrá

Leagtar amach sa Dréachtphlean Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide (LACAP) conas a bheidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe freagrach as barr feabhais a chur ar athléimneacht aeráide, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i measc a sócmhainní, a seirbhísí, agus a bonneagair féin, dá bhfuil sí go hiomlán cuntasach, agus ról níos fairsinge á léiriú i gcomhthráth i dtaobh tionchar a imirt ar earnálacha eile agus tacú leo agus iad a éascú lena spriocanna agus uaillmhianta féin aeráide a bhaint amach. Tá seo riachtanach lena chinntiú gur féidir na tairbhí comhshaoil, sóisialta, agus geilleagracha a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide a bhaint go hiomlán.

Leagtar bealach soiléir chun cinn amach sa Dréacht-LACAP do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Beartas náisiúnta aeráide a aistriú go gníomhach go cúinsí áitiúla agus tús áite á thabhairt do bhearta fianaisebhunaithe agus iad á luathú.
- Cabhrú leis an gcuspóir aeráidneodrachta a sholáthar ar leibhéal áitiúil agus pobail.
- Crios Dícharbónaithe (CD) a shainaithint agus a sholáthar laistigh den limistéar údaráis áitiúil chun gníomhú mar bhinse tástála do réimse bearta maolaithe agus oiriúnaithe don aeráid agus bithéagsúlachta i limistéar a sainíodh go sonrach, trí thionscadail agus trí thorthaí a shainaithint a chabhróidh leis an gCuspóir Náisiúnta Aeráide a sholáthar.

## 1.1 Athrú Aeráide, a thábhacht, a thionchair agus a rioscaí i dtaobh na Gaillimhe

Ceaptar níos minice go bhfuil athrú aeráide ar an dúshlán domhanda fadtéarmach is ríthábhachtaí in aimsir ár linne, agus tugtar a thionchair faoi deara ar fud an domhain agus sa bhaile. Deimhnítear i Séú Tuarascáil Mheasúnaithe Ghrúpa Oibre an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (an IPCC) go bhfuil fianaise an-láidir ann gur tháinig athrú ar aeráid an Domhain ón ré réamhthionsclaíoch (thart ar 1850-1900) agus gurbh iad gníomhaíochtaí an duine, astaíochtaí gás ceaptha teasa a scaoileadh isteach san atmaisféar, príomhchúis an athraithe sin. Tháinig méadú

DRAFT

1.1°C ar na meánteochtaí dromchla domhanda i gcaitheamh na tréimhse ó 2011 go 2020 mar thoradh ar an téamh domhanda seo de bharr ghníomhaíochtaí an duine, nuair a chuirtear i gcomparáid iad le meánteochtaí na ré réamhthionsclaíche.

Tugtar an cás domhanda faoi deara in aeráid na hÉireann, aeráid atá ag athrú ar bhealach comhsheasmhach le treochtaí domhanda agus tá teochtaí níos teo á dtabhairt faoi deara sa tír, agus bhí an tréimhse 8 mbliana anuas ar an tréimhse ba theo a bhfuil cuntas uirthi. Mar thoradh ar mheánteochtaí níos airde, Fíor 1-1, tá aimsir níos déine in Éirinn freisin, triomaigh, stoirmeacha, báisteach níos troime, agus gaoth níos láidre ina measc agus tá leochaileacht agus baol níos mó roimh thionchair dhiúltacha an athraithe aeráide ann dá bharr, Fíor 1-2.




Fíor 1-1 Meánteocht Bhliantúil Aeir Dromchla (1900-2021) d'Éirinn ina léirítear méadú thart ar 0.9°C le 120 bliain anuas, Foinse: Met Éireann, an Creat Aeráide Náisiúnta do Sheirbhísí Aeráide (NFCS)




Fíor 1-2 Réamh-mheastacháin Fhéideartha Aeráide Amach Anseo d'Éirinn (Foinse: Bunaithe ar: ©GIZ/an Clár Domhanda um Measúnú agus Bainistiú Riosca d'Oiriúnú d'Athrú Aeráide (Caillteanas agus Díobháil)

Chun dul i ngleic le hathrú aeráide domhanda, caithfear an leibhéal gáis cheaptha teasa (GCTanna) a bhfuil an t-atmaisféar á iontráil acu a athrú agus caithfear na GCTanna atá san atmaisféar cheana féin a bhaint. Anuas air sin, caithfear teacht aniar ó thionchair athraithe aeráide reatha agus amach anseo a mhéadú.

Leagtar amach sa LACAP seo conas a bheartaíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe a páirt a ghlacadh chun cuspóirí náisiúnta aeráide a bhaint amach sna chéad 5 bliana eile amach romhainn agus ina dhiaidh sin i dtreo 2050. Gníomhóidh sé mar phríomhionstraim a neartaíonn na naisc idir beartas aeráide náisiúnta agus idirnáisiúnta agus gníomhú éifeachtach ar son na haeráide ar leibhéal áitiúil agus pobail, trí ghníomhú áitbhunaithe ar son na haeráide.

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe gníomhach ag oiriúnú agus ag forbairt athléimneachta i leith thionchair an athraithe aeráide, mar shampla, trí scéimeanna cosanta tuilte, pleanáil, measúnú riosca agus bonneagar a chothabháil agus a neartú. Leis an athléimneacht seo a mhéadú, teastóidh ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe pleanáil agus oibriú go réamhghníomhach lenár bpobail agus ár ngníomhaireachtaí rialtais chun oiriúnú do rioscaí athraithe aeráide reatha agus amach anseo a shainaithnítear.

## 1.2 Achoimre ar Chomhthéacs an Bheartais Aeráide

Tá an Dréachtphlean um Ghníomhú ar son na hAeráide seo suite laistigh de chomhthéacs níos fairsinge beartais, AE, náisiúnta agus aeráide earnála.

Conradh idirnáisiúnta maidir le hathrú aeráide atá ina cheangal dlí é Comhaontú Pháras, agus leagtar amach ann spriocanna céimnitheacha agus uaillmhianacha do ghníomhú domhanda ar son na haeráide:

- Meánmhéaduithe domhanda ar theocht a choimeád go mór faoi bhun 2°C agus tabhairt faoi iarrachtaí le teorainn a chur ar an méadú teochta i leith 1.5°C os cionn leibhéil réamhthionsclaíocha; agus
- An cumas a mhéadú oiriúnú do dhrochthionchair an athraithe aeráide agus athléimneacht aeráide a chothú.

Comhaontú Idirnáisiúnta eile ag a bhfuil dlúthcheangal le Comhaontú Pháras is ea Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, a ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe (an NA) i Meán Fómhair 2015. Tá 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) i gcroílár an chláir, a léirítear i Fíor 1-3.

Tá mar aidhm ag na spriocanna seo “deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an pláinéad a chosaint agus saol agus ionchais gach duine, gach áit, a fheabhsú”. Tá 169 sprioc sna 17 SFI atá le baint amach faoin mbliain 2030 agus d’iarr ceannairí an domhain in 2019 ar ‘deich mbliana gníomhaíochta’ chun na Spriocanna seo a bhaint amach laistigh den amfhráma seo.

Tagann na gníomhartha uile a bheartaítear i Mír 3.2 (an Chathair) agus i Mír 4.5 (an Crios Dícharbónaithe) sa Phlean seo le SFIanna an NA.

DRAFT




Fíor 1-3 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe

Leagtar amach i gComhaontú Glas na hEorpa freagairt na hEorpa don ghéarchéim aeráide. Plean gníomhaíochta é an Comhaontú Glas ag bhfuil mar aidhm aige aeráidneodracht a bhaint amach san AE faoin mbliain 2050 agus leagtar síos ann sprioc laghdaithe astaíochtaí GCT 55% an AE faoin mbliain 2030 i gcoibhneas le leibhéil 1990, ar aon dul le Comhaontú Pháras.Tugadh sprioc seo 2050 isteach sa dlí trí Dhlí Aeráide Eorpach. Leagtar síos sa dlí treoir chlár aeráide an AE agus achtaítear é isteach i gclár náisiúnta na hÉireann san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021. Ceanglaítear san Acht ar údaráis áitiúla Pleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide (LACAPanna) cúig bliana a fhorbairt ina gcuimsítear bearta maolaithe agus oiriúnaithe.

Gealltar in Ár dTodhchaí Chomhroinnte, Clár an Rialtais, do laghdú 51% ar astaíochtaí foriomlána na hÉireann ó 2021 go 2030, agus astaíochtaí atá neodrach ó thaobh fuinnimh de a bhaint amach faoin mbliain 2050. Cuirtear plean um chur i bhfeidhm ar fáil i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAP) 2023 na hÉireann chun aghaidh a thabhairt ar na gealltanais seo.

Leagtar amach i gCreat um Oiriúnú Náisiúnta (NAF) na hÉireann (2018) an comhthéacs do phríomhearnálacha agus d'údaráis áitiúla chun measúnú a

dhéanamh ar rioscaí agus leochaileacht a bhaineann leis an aeráid, gníomhartha atá seasmhach ó thaobh na haeráide a chur i bhfeidhm, agus bearta príomhshrutha oiriúnaithe don aeráid isteach i mbeartas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Foilsíodh Pleananna Earnála Oiriúnaithe don Aeráid i measc ranna Rialtais, mar fhreagairt don Chreat Oiriúnaithe Náisiúnta. Sainaithnítear i ngach Plean na príomhrioscaí atá i gceist ar fud na hearnála agus an cur chuige a bhfuiltear ag tabhairt faoi chun dul i ngleic leis na rioscaí seo agus athléimneacht aeráide a fhorbairt amach anseo.

Cuirtear i láthair i Straitéis Fhadtéarmach na hÉireann maidir le hAstaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a Laghdú bealaí táscacha, tar éis 2030, i dtreo neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoin mbliain 2050.Cuireann an Straitéis leis na bealaí dícharbónaithe a leagtar amach sna buiséid charbóin, teorainneacha astaíochtaí earnála, agus sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide náisiúnta.

Is ionann an Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide, a shínigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe i nDeireadh Fómhair 2019, agus gealltanas d'iarrachtaí a mhéadú agus glacadh le príomhról go háitiúil agus go náisiúnta i dtaobh gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a sholáthar. Is é Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Sholáthar 2030 (DECA 2030) an straitéis rialtais áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide a foilsíodh in Aibreán 2021. Treochlár atá sa straitéis d'údaráis áitiúla i dtaobh na freagairtí riachtanacha dícharbónaithe agus oiriúnaithe d'athrú aeráide a sholáthar.

## 1.3 An gá atá le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide

Tá príomhról ag Údaráis Áitiúla i mbearta maolaithe agus oiriúnaithe don aeráid a sholáthar. Léirítear é seo i bhforálacha an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, a cheanglaíonn ar gach Údarás Áitiúil LACAP a ullmhú ina sonraítear na bearta maolaithe agus oiriúnaithe atá le glacadh ag an Údarás Áitiúil.

Baineann gníomhartha maidir le hAthrú Aeráide a Mhaolú leis an mbealach a mhairimid, a ghluaisimid, a ídímid agus a dhéanaimid déantúsú, chun táirgeadh gáis cheaptha teasa dhíobhálacha a laghdú agus/nó a dhíothú agus áirítear leo freisin conas is fearr a bhainimid úsáid as ár dtalamh.

Baineann gníomhartha maidir le hOiriúnú d'Athrú Aeráide le dul i ngleic leis an tionchar a imríonn athrú aeráide agus tá dul i mbun gníomhartha praiticiúla le rioscaí a bhainistiú, pobail a chosaint agus athléimneacht an gheilleagair a neartú (e.g., ó thuile, ardú leibhéal na farraige etc.) i gceist leo.

Neartaíonn an Dréacht-LACAP na naisc idir beartas aeráide náisiúnta agus idirnáisiúnta agus gníomhú éifeachtach ar son na haeráide ar leibhéal áitiúil agus pobail, trí ghníomhú áitbhunaithe ar son na haeráide. Trína ullmhú agus a chur i bhfeidhm, cuirtear deis ar fáil sa LACAP páirtithe leasmhara criticiúla i measc pobal agus gnólachtaí a thabhairt le chéile le fís a chruthú do thodhchaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de.

Tá an Dréacht-LACAP mar chuid d'iarrachtaí níos fadtéarmaí óna dteastaíonn freagairt mharthanach agus phleanáilte chun tacú leis an gcuspóir aeráidneodrachta a sholáthar ar leibhéal áitiúil agus pobail. Cuirtear meicníocht ar fáil sa Dréacht-LACAP seo le gníomhartha oiriúnaithe agus maolaithe a thabhairt le chéile chun cuidiú le torthaí agus le gníomhú dearfach son na haeráide a chur chun cinn ar fud an údaráis áitiúil agus a limistéir riaracháin. Déantar sa chreat gníomhartha aeráide atá sa phlean socrú gníomhartha aeráide a leagan amach laistigh de struchtúr sainithe a chinntíonn ailíniú idir gníomhartha ar an talamh agus an fhís ardleibhéil atá mar sprioc ag an bplean a sholáthar.

Ullmhaíodh an Dréacht-LACAP seo i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Plean Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide, a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i Márta 2023. Ar mhaithe le cuspóirí an Phlean Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide agus eolas a sholáthar don bhealach a cheaptar gníomhartha, is tábhachtach na ceithre scála a shainiú ar a bhfuil freagracht ar údaráis áitiúla as gníomhú ar son na haeráide, Fíor 1-4.




Fíor 1-4 Scóip Údaráis Áitiúil i leith gníomhú ar son na haeráide

1. Cuntasacht iomlán i leith gníomhú ar son na haeráide laistigh den údarás áitiúil, lena n-áirítear rianú agus tuairisciú ar astaíochtaí óna n-oibríochtaí inmheánacha, a bhfoirgnimh agus a saoráidí (flít iompair, soilsiú poiblí, tithíocht shóisialta a iarfheistiú, bonneagar a sholáthar etc.) féin a laghdú anuas ar athléimneacht a fhorbairt do thionchair dhiúltacha an athraithe aeráide, laistigh den eagraíocht, tríd an réimse seirbhísí agus feidhmeanna a chuirtear ar fáil.

2. Tionchair a imirt ar earnálacha, gnólachtaí, pobail, agus daoine aonair i dtaobh gníomhú áitiúil ar son na haeráide a sholáthar trí na feidhmeanna agus seirbhísí a sholáthraítear, chomh maith le húsáid a bhaint as go leor seifteanna rialála agus as sainchúram níos fairsinge na hearnála le hiad a chumasú, a éascú agus chun tacú leo.

3. Comhordú agus éascú trí phríomhpháirtithe leasmhara a thabhairt le chéile, tabhairt faoi chomhpháirtíochtaí le hiarrachtaí a uasmhéadú, agus idirghníomhú a chruthú a mbainfear tionscnaimh agus tionscadail rathúla amach dá mbarr a d'fhéadfadh nach dtitfeadh amach ar bhealach eile.

4. Tacú le gníomhú ar son na haeráide trí fheasacht a mhúscailt, cumarsáid a dhéanamh, agus tabhairt faoi phlé oscailte ar shaincheisteanna agus freagairtí a bhaineann leis an aeráid.

Tá an plean údaráis áitiúil um ghníomhú ar son na haeráide mar chuid d'iarrachtaí níos fadtéarmaí óna dteastaíonn freagairt mharthanach agus phleanáilte chun tacú

DRAFT

leis an gcuspóir aeráidneodrachta a sholáthar ar leibhéal áitiúil agus pobail. Feidhmíonn na prionsabail threoracha seo mar thagarmharc d'údaráis áitiúla maidir le gníomhú ar son na haeráide a phleanáil, Fíor 1-5.

**Uaillmhianach**

- Le ról ceannaireachta an rialtais áitiúil agus an ghníomhaithe ar son na haeráide a léiriú agus cabhrú leis an ról ríthábhachtach atá ag an údarás áitiúil a aithint i dtaobh na bearta claochlaithe a theastaíonn chun freagairt do na dúshláin a chruthaíonn athrú aeráide a chumasú agus an cuspóir náisiúnta aeráide a sholáthar, agus uaillmhian DECA 2030 á cur san áireamh dá bharr. Lena chois, an cuspóir náisiúnta aeráide a chur in oiriúint mar atá leagtha síos ag mianta an rialtais áitiúil sa bhfís Delivering Effective Climate Action 2030.

**Dírithe ar ghníomh**

- Gníomhartha sonracha agus inseachadta a fhíorú le bearta agus oiriúnaithe agus maolaithe a bhaint amach ina léirítear freagrachtaí an údaráis áitiúil ar leibhéil eagraíochta agus phobail.

**Fianaisebhunaithe**

- Trí úsáid a bhaint as an eolas eolaíochta is cothroime le dáta, sonraí faoi astaíochtaí, measúnú bunaithe riosca agus leochaileachta, eolas áitiúil agus fianaise thurgnamhach eile le heolas a sholáthar do chinnteoireacht agus tabhairt faoi bhearta éifeachtacha maolaithe agus oiriúnaithe.

**Rannpháirtíoch**

- Páirt a bheith ag réimse páirtithe leasmhara le cur leis an bplean um ghníomhú ar son na haeráide a fhorbairt agus le soláthar praiticiúil gníomhartha. Eascraíonn gníomhú ar son na haeráide atá ionchuimsitheach, comhordaithe agus comhoibritheach as réimse éagsúil páirtithe leasmhara a bheith ag comhoibriú ón gcéim is luaithe agus is féidir.

**Trédhearcach**

- Próiseas oscailte le rannpháirtíocht ionchuimsitheach agus chomhoibritheach a thacaíonn le cinnteoireacht ar féidir í a thomhas agus tuairisciú uirthi.

Fíor 1-5 Prionsabail threoracha an phlean údaráis áitiúil um ghníomhú ar son na haeráide

## 1.4 Struchtúr an Dréacht-LACAP

Ullmhaíodh an Dréacht-LACAP seo agus cúig phríomh-mhír ann:

Mír 1 – Réamhrá
Déantar comhthéacs an údaráis áitiúil agus comhthéacs sonrach Chathair na Gaillimhe, comhthéacs an bheartais aeráide agus cuspóir an phlean seo a chur i láthair sa mhír seo.

Mír 2 – Gníomhú ar son na hAeráide Fianaisebhunaithe
Leagtar amach san achoimre seo tábhacht an bhoinn dhaingin fianaise a bhuntacaíonn leis an bplean seo, achoimre ar na rioscaí athraithe aeráide atá roimh Ghaillimh agus achoimre ar phróifíl reatha astaíochtaí an údaráis áitiúil.

Mír 3 – Creat Gníomhartha ar son na hAeráide
Tá fís agus misean uileghabhálach an phlean, agus díriú téamach ar na spriocanna straitéiseacha do ghníomhú ar son na haeráide a Comhairle Cathrach na Gaillimhe amach, sa mhír seo.

Mír 4 – Crios Dícharbónaithe
Déantar achoimre ar phróifíl astaíochtaí CD na Gaillimhe, fís an CD, clár deiseanna agus gníomhartha CD a mhiondealaítear de réir limistéir straitéiseacha a chur i láthair sa mhír seo.

Mír 5 – Cur i bhFeidhm agus Tuairisciú
Leagtar amach an cur chuige i leith cur i bhfeidhm, an mhéadracht le dul chun cinn a thomhas agus riachtanais agus socruithe tuairiscithe sa mhír seo.

## 1.5 Próiseas Déanta an Phlean

Tá taithí nach beag ag údaráis áitiúla i dtaobh saoránaigh agus páirtithe leasmhara a spreagadh chun gnímh trína bhfeidhmeanna reatha, pleanáil úsáid talún, tithíocht, fiontraíocht, iompar agus feasacht comhshaoil ina measc. Glacann údaráis áitiúla páirt chomh maith i struchtúir agus cur chuige reatha rannpháirtíochta poiblí ón mbun aníos atá dírithe ar an bpobal áitiúil agus dírithe ar thoradh. Áirítear leo seo Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (PPN), Coistí Forbartha Pobail Áitiúla (LCDC), Bailte Slachtmhara, Aoisbhá Éireann, comhpháirtíochtaí Spóirt, Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe (SECanna) agus réimse eile clár agus tionscnamh.

Tá an phráinn atá ar dhul i ngleic le saincheist an athraithe aeráide leata ar fud na n-eagraíochtaí seo, a bhfuil dul chun cinn suntasach á dhéanamh anois acu chun gníomhú ar son na haeráide a chuimsiú ina spriocanna agus ina bpleananna. Sainaithnítear i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) Chathair na Gaillimhe 2023-2028 Gníomhú ar son na hAeráide mar sprioc ardleibhéil “cathair athléimneach inbhuanaithe” a bhaint amach tríd an bplean.

Leanann forbairt an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide roinnt céimeanna, Fíor 1-6. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag tabhairt faoi Chéim 2 sa phróiseas faoi láthair, tar éis gur thug siad faoi rannpháirteachas forleathan neamhreachtúil le saoránaigh agus le páirtithe leasmhara i dtaobh forbairt an dréacht-LACAP seo á cumasú. De bhreis air seo, beartaíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe roinnt cruinnithe faisnéise poiblí a chur ar siúl i rith chéim an chomhairliúcháin phoiblí.




Fíor 1-6 Céimeanna forbartha an LACAP

Forbraíodh na dréachtghníomhartha a bheartaítear sa cháipéis seo agus aird ar na rudaí seo a leanas:

1. Measúnú Riosca agus Astaíochtaí Bonnlíne Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, ar féidir teacht orthu anseo ar shuíomh gréasáin um ghníomhú ar son na haeráide Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
2. Thit rannpháirteachas cuimsitheach le páirtithe leasmhara amach, an méid seo a leanas ina measc:

a. Cur i láthair ag cruinnithe Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, Comhshaol, Caitheamh Aimsire agus Conláiste.
b. Soláthraíodh cruinniú faisnéise do bhaill thofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
c. Ceardlanna do Bhaill Thofa agus d'Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí CCG.
d. Suirbhé neamhreachtúil réamhdhréachta 4 seachtaine le 118 aighneacht phoiblí.
e. Ceardlanna earnála.

DRAFT

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council



# 2 Gníomhú ar son na hAeráide Fianaisebhunaithe

Lena chinntiú go bhfuil an LACAP daingean, buntacaíonn bonn fianaise leis an bplean ina sonraítear foinsí astaíochtaí chomh maith leis na rioscaí reatha agus amach anseo a bhaineann leis an aeráid atá roimh CCG. Tugtar achoimre ar an mbonn fianaise sa tuarascáil seo a forbraíodh agus an LACAP á ullmhú do CCG.

Rinneadh an t-eolas bonnlíne a ghrúpáil isteach sna príomhlimistéir seo a leanas:

- Fardal Astaíochtaí Bonnlíne (FAB), a mheasúnaíonn foinsí reatha astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GCT) laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
- FAB don Chrios Dícharbónaithe (CD) a sainaithníodh do Chathair na Gaillimhe, Mír 4.
- Measúnú Riosca Athraithe Aeráide (CCRA) cáilíochtúil a dhéanann meastóireacht ar na tionchair reatha agus amach anseo a bhaineann leis an aeráid atá i ndán do CCG agus don phobal.

Tábla 2-1 Blianta garsprice a dtagraítear dóibh in anailís ar fud an LACAP seo

| Príomhbhlianta | Tábhacht |
|---|---|
| 2009 | Bliain bhonnlíne do spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh na hearnála poiblí |
| 2018 | Bliain bhonnlíne do spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT<br>Ríomhtar astaíochtaí do limistéar Chathair na Gaillimhe freisin don bhliain seo |
| 2021, 2022 | Úsáidtear na sonraí is déanaí ó 2021 agus 2022 san anailís seo, nuair atá fáil orthu, le stádas agus dul chun cinn reatha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i dtreo spriocanna 2030 a thabhairt chun solais |
| 2030 | Bliain sprioc éifeachtúlachta fuinnimh na hearnála poiblí – laghdú 50%<br>Bliain na sprice laghdaithe astaíochtaí náisiúnta 51% (i gcomparáid le bliain bhonnlíne 2018) |
| 2050 | Bliain na sprice náisiúnta astaíochtaí atá neodrach ó thaobh fuinnimh de |



DRAFT

## 2.1 Rioscaí Aeráide Chathair na Gaillimhe

### 2.1.1 Measúnú Riosca Athraithe Aeráide

Le freagairtí éifeachtacha agus éifeachtúla oiriúnaithe a fhorbairt don chathair, caithfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe na rioscaí a chruthaíonn an aeráid a thuiscint ar dtús.

Céim bhunriachtanach iad na rioscaí a chruthaíonn athrú aeráide a thuiscint chun go bhforbróidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe gníomhartha éifeachtacha agus éifeachtúla oiriúnaithe mar fhreagairt d'athrú aeráide reatha agus tuartha. Sainaithnítear i measúnuithe riosca athraithe aeráide an dóchúlacht i leith guaiseacha aeráide amach anseo agus a dtionchair fhéideartha. Tá seo buntábhachtach le heolas a sholáthar don bheartú tosaíochta a dhéanfar do ghníomhú ar son na haeráide agus d'infheistíocht i ngníomhú ar son na haeráide. Forbraíodh an Measúnú Riosca bunaithe ar na sonraí tuartha aeráide is cothroime le dáta atá ar fáil ag tráth an scríofa. Déantar na bunsamhlacha a nuashonrú ar bhonn rialta agus d'fhéadfadh an leibhéal riosca dul i méid mar thoradh air sin. Ba cheart rioscaí indíreacha eile a thabhairt faoi deara, cé nach cuid den Mheasúnú Riosca seo iad, cosúil le himirce éigeantais daonraí, méaduithe ar ghalar veicteoir-iompartha agus cur isteach ar shlabhraí soláthair.

D'fhorbair Comhairle Cathrach na Gaillimhe Measúnú Riosca Aeráide leis an dóchúlacht i leith guaiseacha aeráide amach anseo agus a dtionchair fhéideartha a shainaithint. Tá an measúnú, ar féidir amharc air anseo ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe buntábhachtach le heolas a sholáthar don bheartú tosaíochta a dhéantar do bhearta agus d'infheistíochtaí i ngníomhú ar son na haeráide.

Fíor 2-1 Cuirtear i láthair san fhíor seo achoimre ar athruithe agus guaiseacha a bhaineann leis an aeráid agus leis an aimsir a tugadh faoi deara do Chathair na Gaillimhe.




Fíor 2-1 Athruithe Aeráide a tugadh faoi deara in Éirinn agus i nGaillimh, ach go háirithe

## 2.1.2 Teagmhais Adhaimsire

Thit réimse fairsing teagmhais adhaimsire amach go stairiúil a d'imir tionchar trom ar Chathair na Gaillimhe, tá Fíor 2-2, a baineadh ó Mheasúnú Riosca Chathair na Gaillimhe ar fáil anseo ar shuíomh gréasáin um ghníomhú ar son na haeráide Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Orthu siúd is déanaí, léirigh teagmhais tuile abhann agus báistiúla réimse tionchar ar Chathair na Gaillimhe in 2020 agus 2021. Áiríodh leis na tionchair seo díobháil do réadmhaoin chónaithe, gnólachtaí a dhúnadh, cur isteach ar sheirbhísí poiblí agus gréasáin iompair a dhúnadh. Beidh uisce dromchla méadaithe agus riosca i gcás tuilte abhann do Chontae na Gaillimhe mar thoradh ar mhéaduithe tuartha ar mhinicíocht teagmhais tromfhrasaíochta.

Titeann teagmhais chreimthe cósta agus tuile cósta amach go rialta i gCathair na Gaillimhe. Cuireadh isteach ar ghréasáin iompair agus rinneadh díobháil do ghnáthóga cósta de bharr na dteagmhas in 2021 agus 2022. Méadóidh ardú tuartha ar leibhéal na farraige minicíocht teagmhais bhá agus chreimthe cósta agus na tionchair a bhaineann leo.

Chuir tonnta teasa agus triomaigh go stairiúil le srianta a chur ar sholáthar uisce, díobháil a dhéanamh do dhromchlaí bóthair agus chuir siad éileamh níos mó ar limistéir áineasa sa chathair. Chuir tréimhsí fada fuara agus teagmhais tromshneachta i gheimhrí 2018 agus 2022 isteach ar ghréasáin iompair phoiblí agus dúnadh bóithre dá mbarr. Tugann méaduithe tuartha ar an meánteocht agus laghduithe ar mhinicíocht sneachta le fios go bhfuil laghdú ag teacht ar mhinicíocht tréimhsí fuara, sneachta throim, agus a dtionchar gaolmhar.

DRAFT




Fíor 2-2 Próifíl Ghuaiseacha Aeráide do Chathair na Gaillimhe ó 1970 go 2022, a baineadh ó Mheasúnú Riosca Aeráide Chathair na Gaillimhe

### 2.1.3 Rioscaí Aeráide Amach Anseo

Ar aon dul le treochtaí domhanda, tuartar go rachaidh minicíocht agus déine roinnt guaiseacha (e.g., tuile cósta, abhann agus tuile báistiúil, creimeadh cósta, tonnta teasa, agus triomach) i méid agus nach dtiocfadh athrú ar chinn eile (e.g., stoirmeacha gaoithe láidre). Tuartar go leanfaidh na hathruithe seo agus go n-éireoidh siad níos déine agus go n-imreoidh siad réimse fairsing tionchar ar Chathair na Gaillimhe agus ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Tiocfaidh athrú freisin ar Chathair na Gaillimhe i dtaobh a daonra agus forbairtí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do nochtadh agus do leochaileacht daoine agus sócmhainní laistigh den chathair. Fíor 2-3 ar an athrú ar an maitrís riosca aeráide do Chathair na Gaillimhe. Léirítear an riosca reatha sa mharcóir toll agus an riosca amach anseo sa mharcóir soladach agus léirítear ar an líne phoncaithe an t-athrú idir an riosca reatha agus amach anseo.




Fíor 2-3 Maitrís riosca aeráide ina léirítear athrú amach anseo ar riosca agus ar mhinicíocht na dtarluithe

Tugtar cuntas i Tábla 2-2 ar shonraí faoi athruithe tuartha in aghaidh na guaise aeráide do Chathair na Gaillimhe a baineadh ó thuarascáil Mheasúnaithe Riosca

Aeráide Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, ar féidir teacht uirthi anseo ar shuíomh gréasáin um ghníomhú ar son na haeráide Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Tábla 2-2 Athruithe tuartha in aghaidh na guaise tuartha aeráide ó Mheasúnú Riosca Aeráide Chathair na Gaillimhe

| Guais | Athrú Tuartha | Minicíocht Amach Anseo |
|---|---|---|
| Tonn Teasa | Tugann réamh-mheastacháin méadú foriomlán idir 1.1 agus 1.4 C le fios ar mheánteocht (in íochtar ar chlé) do Chathair na Gaillimhe maidir leis an tréimhse 1981-2000. Tugann réamh-mheastacháin, faoi chás ardastaíochtaí, le fios go dtarlóidh tonnta teasa amach níos minice (in íochtar sa lár) faoi lár na haoise. Meastar go dtiocfaidh laghdú 6 agus 8% ar bháisteach sa samhradh amach anseo i gcomparáid le bonnlíne na tréimhse 1981 go 2000, i gcás RCP4.5 agus RCP8.5 araon, a chuireann le dálaí féideartha triomaigh. | Minic ↑ |
| Triomach | | Coitianta ↑ |
| Tréimhse Fhuar | Mar thoradh ar na teochtaí méadaitheacha, tuartar go laghdófar an méid laethanta seaca agus oighir sa tréimhse 2041-2060 amach anseo i gcomparáid leis an tréimhse bhonnlíne of 1981-2000 do chás RCPT4.5 agus RCP8.5. Tuartar go laghdófar an sneachta bliantúil sa réigiún go substainteach faoi lár an chéid do chásanna RCP4.5 agus RCP8.5 (in íochtar ar dheis). | Annamh ↓ |
| Sneachta Trom | | Annamh ↓ |
| Stoirmeacha Gaoithe Láidre | Tá tuartha i leith stoirmeacha faoi réir ardleibhéal éiginnteachta. Faoi lár na haoise, tugann réamh-mheastacháin le fios go leanfaidh an meánluas gaoithe de bheith cosúil leo siúd atá ann faoi láthair. Tá fianaise theoranta ann i leith méadú féideartha ar mhinicíocht stoirmeacha níos déine, nach dtiteann amach ach go hannamh faoi láthair. Ach teastaíonn níos mó taighde leis an méadú seo a dheimhniú. | Minic — |
| Tuile Cósta | Tugann tuartha ar leibhéil farraige atá ag ardú faoi chás ardastaíochtaí méadú a mhéid le 0.24m faoin mbliain 2050 le fios, a mhéadóidh minicíocht bá cósta (in íochtar ar chlé). Tá nasc láidir idir leibhéal na farraige atá ag ardú agus creimeadh cósta agus méadú ar rátaí agus méid creimthe. | An-Mhinic ↑ |
| Creimeadh Cósta | | Coitianta ↑ |
| Tuile Bháistiúil | Tugann réamh-mheastacháin méadú ar laethanta trombháistí le fios (laethanta ina bhfuil >30mm) do Chathair na Gaillimhe agus tuartar go dtabharfar méadú a mhéid le 37% (in íochtar ar dheis) faoi deara. Is dóchúil go dtarlóidh tuile abhann agus bháistiúil ghaolmhar níos minice dá bharr. | Minic ↑ |
| Tuile Abhann | | Minic ↑ |
| Tuile Screamhuisce | Níl réamh-mheastacháin ar athruithe ar thuile screamhuisce ar fáil faoi láthair, agus tá éiginnteacht ann, ar an ábhar sin, san athrú ar mhinicíocht tuile screamhuisce ar féidir súil a bheith léi. | Annamh — |

DRAFT

## 2.2 Fardal Astaíochtaí Bonnlíne Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

Cuirtear bonn fianaise ar fáil trína thuiscint cad as a bhfuil na hastaíochtaí GCT ag teacht ar leibhéal áitiúil chun an LACAP agus na gníomhartha cuí a fhorbairt atá bríoch don chomhthéacs áitiúil.

Cuirtear eolas ar fáil i gcáipéis Treoirlínte maidir le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide DECC 'Iarscríbhinn Theicniúil C: Measúnú ar Mhaolú Aeráide', ina soláthraítear cur chuige daingean i leith fardal astaíochtaí bonnlíne a fhorbairt i measc na n-údarás áitiúil go léir. Tá sé bunaithe ar shonraí áitiúla agus náisiúnta ó 2018, ar tháirgeadh agus ar ídiú fuinnimh agus ar astaíochtaí GCT eile i gCathair na Gaillimhe, léargas san áireamh ar astaíochtaí féin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Tá sonraí breise ar an gcur chuige, an mhodheolaíocht agus achoimre iomlán ar na torthaí ónár mbonnlíne astaíochtaí ar fáil sa tuarascáil ar féidir teacht air anseo ar shuíomh gréasáin um ghníomhú ar son na haeráide Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

### 2.2.1 Foinsí Astaíochtaí i gCathair na Gaillimhe

B'ionann astaíochtaí GCT do Chathair na Gaillimhe in 2018 agus 493,390 $tCO_2e$, ar an iomlán, arb ionann sin agus 0.6% den iomlán náisiúnta. Ar an ábhar sin, nuair a chuirtear san áireamh an sprioc ar leibhéal náisiúnta laghdú 51% a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa vs. 2018 faoin mbliain 2030, is í an sprioc astaíochtaí do Chathair na Gaillimhe laghdú anuas go dtí 241,761 $tCO_2e$.

Sonraítear i Fíor 2-4 na rudaí a chomhdhéanann an phróifíl astaíochtaí, agus san earnáil chónaithe a bhí an chuid ba mhó d'astaíochtaí sa chathair. Bhí astaíochtaí arda le sonrú sna hearnálacha Iompair agus Déantúsaíochta freisin do bhliain bhonnlíne 2018. Tugtar chun solais sna torthaí ón FAB na príomhearnálacha ina bhféadfaí tionchar a bhaint amach; dá bharr, tá mar aidhm ag na gníomhartha a eascraíonn as an bplean seo na gníomhartha a léiriú a bhfuil smacht ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe orthu a bhainfidh laghduithe ar astaíochtaí amach i measc na n-earnálacha ardastaíochtaí laistigh de Chathair na Gaillimhe. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil astaíochtaí na hearnála tógála eisiata ón bhfardal astaíochtaí bonnlíne. Geallann Comhairle Cathrach na Gaillimhe go n-oibreoidh sí le

Ranna Rialtais chun modheolaíochtaí a bhunú chun astaíochtaí agus spriocanna bonnlíne den sórt sin a bhunú laistigh de shaolré an phlean seo.




Fíor 2-4 Próífíl an Fhardail Astaíochtaí Bonnlíne (FAB) ón mBun Aníos do Chathair na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe in 2018

Is ionann astaíochtaí féin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus thart ar 4,800 tCO2e, nó thart ar 1% d'astaíochtaí iomlána na cathrach in 2018, Fíor 2-4. Ar an ábhar sin, nuair a chuirtear san áireamh an sprioc laghdaithe 51%, is í an sprioc astaíochtaí do Chathair na Gaillimhe laghdú anuas go dtí 2,353 $tCO_2e$.

Chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe bearta réamhghníomhacha i bhfeidhm idir an dá linn ó 2018 le bearta substainteacha laghdaithe astaíochtaí a chur i bhfeidhm, Fíor 2-5. Baineadh seo amach den chuid ba mhó trí uasghráduithe LED ar shoilsiú poiblí a chur i gcrích go substainteach, foirgneamh a iarfheistiú agus an flít a iompú go feithiclí leictreacha.




Fíor 2-5 Dul chun Cinn astaíochtaí iomlána Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i leith $tCO_2e$ Sprioc 2030

DRAFT

**Comhairle Cathrach na Gaillimhe**

Galway City Council



# 3 Creat Gníomhartha ar son na hAeráide

Tá mar chuspóir ag an gCreat Gníomhartha ar son na hAeráide a bheith mar an nasc idir ár bhfís agus ár misean do Chathair na Gaillimhe, agus na gníomhartha ar leibhéal na talún a chuideoidh lena chinntiú go bhfuilimid ar thús cadhnaíochta na troda in aghaidh athrú aeráide. Tugtar faoi deara, cé go mbeidh ár nDréacht-LACAP uaillmhianach le ról ceannaireachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a léiriú i dtaobh gníomhú ar son na haeráide, ní féidir ach gníomhartha a áireamh les an bPlean a thagann laistigh de ról, sainchúram, agus rialachas na Comhairle.

## 3.1 Fís agus Misean an Phlean

Aithnítear san Fhís dár bPlean suíomh ríthábhachtach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le haghaidh a thabhairt ar bheartas náisiúnta ar leibhéal pobail. Cuireann ár bplean um ghníomhú ar son na haeráide leis an bhfís seo le 'Cathair na Gaillimhe atá Réidh don Todhchaí' a chinntiú.




**Fís:** Bheith mar chathair atá Seasmhach ó thaobh na hAeráide, Saibhir ó thaobh Bithéagsúlachta, Inbhuanaithe ó thaobh Comhshaoil agus Neodrach ó thaobh Carbóin tráth nach déanaí ná deireadh 2050.

Tacóidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe go gníomhach lenár bpobail agus ár ngnólachtaí chun athrú aeráide a thuiscint, gníomhú ar son na haeráide (maolú agus oiriúnú) a chur i bhfeidhm agus na deiseanna geilleagracha a thapú is féidir leis an aistriú chuig sochaí ísealcharbóin agus athléimneach a chruthú.

DRAFT




**Misean:** Bunathrú agus gníomhú intomhaiste ar son na hearáide a sholáthar laistigh dár n-eagraíocht agus seirbhísí féin agus ar fud Chathair na Gaillimhe, trí cheannaireacht, sampla, agus gníomh a chur chun feidhme ar leibhéal áitiúil.

## 3.2 Díriú Téamach

Tá mar aidhm ag ár bhFís agus Misean a chinntiú go bhfuil Cathair na Gaillimhe ar thús cadhnaíochta an ghníomhaithe ar son na haeráide ar fud na tíre. Tacaíonn roinnt téamaí gníomhaíochta a dtugtar achoimre thíos orthu leis an bhFís agus an Misean:

- Rialachas agus Ceannaireacht
- Fuinneamh agus Timpeallacht Thógtha
- Teacht Aniar agus Aistriú Pobal
- An Comhshaol agus Bithéagsúlacht
- Iompar agus Soghluaisteacht
- Inbhuanaitheacht agus Bainistíocht Acmhainní

Tá na gníomhartha a dtugtar cuntas orthu sna míreanna seo a leanas á dtreorú ag na prionsabail seo a leanas:

- Rialachas, ceannaireacht, agus comhpháirtíocht a chothú do ghníomhú ar son na haeráide.
- Spriocanna astaíochtaí carbóin agus éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach.
- Aghaidh a thabhairt ar oiriúnú don aeráid agus athléimneacht aeráide.
- Gníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme i bpobail áitiúla.
- Gníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme i bhfiontraíocht agus tacú leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach ionchuimsitheach atá neodrach ó thaobh fuinnimh.

DRAFT

- “Aistriú Cóir” a bhaint amach, go háirithe do phobail a d’fhéadfadh bheith faoi mhíbhuntáiste geilleagrach trí thionscadail dícharbónaithe.

Déanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe breithniú ar aon ghníomhartha, bearta nó moltaí ábhartha nuashonraithe a d’fhéadfadh teacht aníos sna nuashonruithe bliantúla ar an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus cuirfidh siad san áireamh aon mholtaí ábhartha sa Tuarascáil ‘Bail ár dTimpeallachta’ de chuid an GCC nuair a bheidh an Plean á chur i bhfeidhm i rith a shaolré.

Leagtar bealach uaillmhianach chun cinn do Chathair na Gaillimhe sna gníomhartha a dtugtar cuntas orthu faoi gach téama thíos chun spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide 2030 a bhaint amach. Braitheann an fhéidearthacht leis an bplean seo a chur i bhfeidhm leis na spriocanna seo a bhaint amach ar acmhainní agus cistiú a fháil ó chláir Náisiúnta agus Eorpacha anuas ar chomhoibriú agus athrú suntasach iompraíochta laistigh den earnáil phríobháideach atá lasmuigh de shainchúram an Údaráis Áitiúil.

DRAFT

## 3.2.1 Rialachas agus Ceannaireacht

| Uimhir | Gníomhartha Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil | PTF (Tomhas) | Úinéir an Ghnímh |
|---|---|---|---|
| Téama - Rialachas agus Ceannaireacht | | | |
| 1 | An t-oiriúnú don athrú aeráide, agus an t-athrú aeráide a mhaolú, a bheith mar phríomhghné de gach polasaí agus tionscadal a dhéanann Comhairle Cathrach na Gaillimhe; áireofar gníomhartha chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus dul in oiriúint dó i ngach seirbhís atá le seachadadh ag CCG.<br>An bhéim le cur ar chlár oibre gach CBS chun cinnte a dhéanamh de go mbainfimid aistriú cóir amach agus go mbeidh Cathair na Gailliimhe ina cathair inbhuanaithe agus athléimneach. | - I ngach plean agus straitéis de chuid CCG déanfar maoirseacht ar an ngíomhú ar son na haeráide, ag baint úsáide as an dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta.<br>- Gníomhú ar son na haeráide ar gach clár oibre de gach Coiste um Beartais Straitéiseacha (CBS) chun cinnte a dhéanamh de go mbainimid aistriú cóir amach agus go mbeidh Cathair na Gaillimhe ina cathair inbhuanaithe agus athléimneach.<br>- Athbhreithniú bliantúil ar straitéisí, ar phleananna agus ar nósanna imeachta de chuid CCG go háirithe maidir le gníomhú ar son na haeráide agus an dul chun cinn a rinneadh. | Foireann Ardbhainistíochta, Seirbhísí Corparáideacha, Idir-Rannach |
| 2 | Spriocanna a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide a bheith mar chuid de phleananna seachadta seirbhíse bliantúla de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. | Gníomhú ar son na haeráide i bpleananna seachadta seirbhíse bliantúla. | Foireann Ardbhainistíochta |
| 3 | Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023 – 2029 a chur i bhfeidhm chun na polasaithe agus na bearta atá ann a sheachadadh, rud a thacóidh le haistriú cóir go dtí sochaí ísealcharbóin a bhfuil teacht aniar inti. | Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar Spriocanna an Phlean Forbartha, agus iad a chur i bhfeidhm, mar chuid d'athbhreithniú dhá bhliain | Idir-Rannach |
| 4 | Déileálfar i gcónaí leis an Aontas Eorpach, leis an rialtas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, leis an oideachas, le heagraíochtaí/gníomhaireachtaí chun léargas, eolas agus ceachtanna a fhoghlaim chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Tacóimid le bacainní sa chomhoibriú a bhaint más féidir in éineacht le páirtithe leasmhara. | - Tacaíocht tugtha go bliantúil do roinnt tionscnamh a bhaineann le feasacht aeráide.<br>- Dul chun cinn bliantúil i dtreo spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus astaíochta 2030.<br>- Conair a fhorbairt chun go mbeidh an chathair neodreach ó taobh na haeráide de faoi 31.12.2029 | Gníomhú ar son na hAeráide, Comhshaoil, Idir-Rannach |
| 5 | Fobairt a dhéanamh ar phlean infheistíochta Chomhairle Cathrach na Gailliimhe, meastacháin buiséide san áireamh, chun spriocanna agus gníomhartha CGG 2030 a sheachadadh maidir le fuinneamh agus astaíochtaí atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe seo ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil. Áireofar sa phlean staidéar ar roghanna maoinithe do thionscadail a bhaineann leis an aeráid do Chomhairle Cathrach na Gailliimhe agus cuirfear san áireamh na féidirearthachtaí go léir le haghaidh maoinithe áitiúil, náisiúnta agus ón AE a thacaíonn le tionscadail aeráide. | - Plean infheistíochta forbartha faoi 31.12.2024 Méid áirithe maoinithe deontais bainte amach gach bliain | Foireann Ardbhainistíochta Idir-Rannach |
| 6 | Tugtar oiliúint faoin aeráid do chomhaltaí tofa agus d'fhoireann an údaráis áitiúil tríd an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Grúpa Oiliúna an Údaráis Áitiúil chun cur leis an tuiscint agus an eolas atá acu ar spriocanna aeráide agus conas is féidir iad sin a sheachadadh. | Tugtar oiliúint maidir le gníomhú aeráide gach bliain do roinnt den fhoireann agus do chomhaltaí tofa. | Acmhainní Daonna |
| 7 | Riachtanais atá dearfach ó thaobh na haeráide de, agus costáil saolré, a chur i bhfeidhm i ngach próiseas soláthair de chuid CCG; lena n-áirítear tairiscintí, cáipéisí soláthair, sonraíochtaí, téarmaí seirbhíse, pleananna tionscadail agus ceadúnais imeachtaí mar aon le cáipéisí ábhartha eile. Is é sin le rá, cinnte a dhéanamh de go mbeidh tionchar dearfach aeráide mar chuid denár ngníomhaíochtaí oibríochtúla go léir. | CCG le próisis a chur i bhfeidhm agus an Deimhniúchán Bainistíochta Fuinnimh ISO50001 a choimeád | Airgeadas Pleanáil Áineas agus Conláistí Idir-Rannach |
| 8 | Máistirphlean fuinnimh a fhorbairt ina n-áireofar stóras fuinnimh do Chathair na Gaillimhe, cásanna meántéarmacha agus fadtéarmacha san áireamh (i ndiaidh 2030). Plean chun léarscáil de shuíomhanna a d'fhéadfaí a úsáid chun cumhacht a fhorbairt agus a mheas ar fud na Cathrach. | Polasaí agus plean críochnaithe faoi 31.09.2026 | Gníomhú ar son na haeráide |
| 9 | Measúnú riosca a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ann ón athrú aeráide i gCathair na Gaillimhe. | Plean críochnaithe; déanfar é a athbhreithniú agus a leasú chun dáta go bliantúil | Gníomhú ar son na haeráide |
| 10 | Gníomhartha a chur i bhfeidhm a d'eascair ó Misin an AE maidir le Dul in Oiriúint ar an Athrú Aeráide, ina bhfuil ceannairí ar an oiriúint aeráide san Eoraip, chun bogadh i dtreo athléimneacht aeráide trí chur chuige comhoibritheach agus cóir, in éineacht le saoránaigh na Gaillimhe. | Cairt um Athrú Aeráide de chuid Misin an Aontais Eorpaigh um Oiriúnú don Athrú a sheachadadh faoi 31.12.2030 | Gníomhú ar son na haeráide |

| Uimhir | Gníomhartha Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil | PTF (Tomhas) | Úinéir an Ghnímh |
|---|---|---|---|
| **Téama - Rialachas agus Ceannaireacht** | | | |
| 11 | Athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Móréigeandála Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus é a leasú chun dáta, chun go n-áireofar rioscaí don aeráid i gCathair na Gaillimhe ó mhaidhm thuile, ó stoirmeacha, ó thonn teasa, ó thriomach agus ó loscadh sléibhe. | An plean leasaithe chun dáta faoi 31.12.2024 | Foireann Ardbhainistíochta |
| 12 | Aip WiRE a úsáid chun a bheith cinnte go bhfuil CCG ar an eolas faoi imeachtaí aimsire díobhálacha, i suíomh lárnach, áit a choimeádfar na taifid agus chun tagairt a dhéanamh dóibh. | Athbhreithniú bliantúil ar fholáirimh aimsire dearg/oráiste atá taifeadta ar an Aip WiRE chun próifíl treochta a fhorbairt. | Gníomhú ar son na haeráide |
| 13 | CCG le próisis a chur i bhfeidhm agus an Deimhniúchán Bainistíochta Fuinnimh ISO50001 a choimeád | - Deimhniú bainte amach faoi 31.12.2025<br>- Coinneálfar go bliantúil an ISO50001 ina dhiaidh sin | Foireann Ardbhainistíochta |
| 14 | Grúpa Stiúrtha Gníomhaithe ar son na hAeráide le bunú ag CCG mar aon le foghrupaí cuí, lena n-áirítear fostaithe ar fud na heagraíochta go léir, a mhaoineofar i gceart chun gníomhartha oiriúnaithe agus maolaithe a sheachadadh. | - Grúpa Stiúrtha Gníomhaithe ar son na hAeráide bunaithe go hinmheánach faoi 31.03.2024<br>- Cruinnithe ráithiúla ag an ngrúpa stiúrtha a dhéanfaidh athbhreithniú ar an dul chun cinn ar ghníomhartha aeráide; roinnt cruinnithe in aghaidh na bliana | Foireann Ardbhainistíochta |
| 15 | Clár ambasadóra don aeráid a bhunú mar aon le fóram chun eolas a roinnt, acmhainneacht a thógáil agus aistriú cóir ar an aeráid, ar an bhfuinneamh; tionscnaimh agus gníomhartha dúlrabhunaithe ar fud na cathrach. Sa chlár áireofar ceannairí agus ceannródaithe i gcúrsaí aeráide/fuinnimh/réitigh dúlrabhunaithe ón gcathair ar fad, gnólachtaí agus grúpaí pobail san áireamh. | 50 ambasadóir aeráide deonach seachtrach (Cumann Cathrach na Gaillimhe) agus 50 ceann inmheánach (CCG) tugtha ar bord; fóram bunaithe a reáchtálfar go bliantúil.<br><br>Níos mó grúpaí deonacha ag glacadh páirte i gcomhar le GCCN. | Gníomhú ar son na haeráide,<br>Eacnamaíocht agus Cultúr,<br>Pobal,<br>Idir-Rannach |
| 16 | Suíomh gréasáin poiblí a fhorbairt ina léireofar dul chun cinn ar an bplean aeráide; sonraí faoi thionscadail gníomhaithe ar son na haeráide. | Suíomh gréasáin cruthaithe faoi 30.06.2024 | Gníomhú ar son na haeráide |
| 17 | Iarracht a dhéanamh CCG a chur in áit tosaíochta mar Phríomh-Údarás Áitiúil in Éirinn atá ag gníomhú ar son na haeráide trí dhóthain ball foirne a chur ag obair don fhoireann chun an Plean Gníomhaithe ar son na haeráide a chur i bhfeidhm agus spriocanna 2030 a bhaint amach. | Roinnt ball foirne ag obair go buan agus go lánaimseartha ar an bhfoireann aeráide - i.e. Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Oifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide, Oifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide, á stiúrú ó laistigh de gach rannóg de chuid CGG | Foireann Ardbhainistíochta<br>Acmhainní Daonna |
| 18 | Gníomhartha a sheachadadh atá leagtha amach laistigh de Phlean Cur i bhFeidhm Crios Dícharbónaithe (CD) an Taobh Thiar de chuid CCG. | Gníomhartha a comhaontaíodh agus atá leagtha amach sa Phlean Cur i bhFeidhm don Chrios Dícharbónaithe a chur i bhfeidhm agus tuairisciú a dhéanamh orthu go bliantúil. | Idir-rannach |
| 19 | Féile aeráide bliantúil a bhunú; imeachtaí ar fud na cathrach le saineolaithe, ceardlanna, taispeántais ina n-áireofar cultúr agus na healaíona. | - CGG chun dul i gcomhar le féilte atá ann cheana féin nó féile neamhspleách a bhunú faoi 31.12.2024<br>- Athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir faoi conas féilte a ghlasú agus é sin a chur chun cinn | Gníomhú ar son na haeráide,<br>Eacnamaíocht agus Cultúr,<br>Pobal,<br>Idir-Rannach |
| 20 | Gníomhú ar son na haeráide agus éifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh i measc pobail ghnó Chathair na Gaillimhe. | Tacú le scéimeanna fuinnimh agus scéimeanna rátála carbóin don lucht gnó ar fud na cathrach go bliantúil. | Gníomhú ar son na haeráide,<br>Eacnamaíocht agus Cultúr |
| 21 | Agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Údaráis Áitiúil CCG á chur i bhfeidhm, déanfar cinnte de go gcomhlíonann sé Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 mar aon le spriocanna agus polasaithe don cheantar áitiúil a bhaineann leis an timpeallacht a bhainistiú, Limistéir Chaomhantais reachtúla a chosaint agus bearta bainistíochta timpeallachta faoi leith a chomhlíonadh a bhaineann leis an bplean seo. | Mar bhonn agus mar thaca ag pleananna agus ag tionscadail don úsáid talún a eascraíonn ón bPlean Gníomhaithe seo ar son na hAeráide, beidh na nithe a leanas:<br>Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Tionchair Timpeallachta, Measúnacht Chuí, agus Measúnachtaí Tionchair Éiceolaíochta Ecological mar is cuí. | Idir-Rannach |

## 3.2.2 Fuinneamh agus Timpeallacht Thógtha

| Uimhir | Gníomhartha Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil | PTF (Tomhas) | Úinéir an Ghnímh |
|---|---|---|---|
| **Téama - Fuinneamh agus an Timpeallacht Thógtha** | | | |
| 22 | Tionscadail leagtha síos san uirlis "bearna go sprioc" a chur i bhfeidhm. Déanann an uirlis dul chun cinn maidir le hídiú fuinnimh agus astaíochtaí a rianú agus muid ag dul i dtreo spriocanna 2030. Áireofar an méadú ar fhuinneamh agus bearta gníomhaithe, ar nós iarfheistiú ar fhoirgnimh, córais téimh breoslaí iontaise a bhaint, foinsí breosla malartacha, feithiclí leictreacha, soilsiú poiblí agus tús áite a thabhairt do na gníomhartha seo. | - Astaíochtaí CCG ar an mbóthar ceart chun spriocanna laghdaithe bliantúla 51% a bhaint amach nó a shárú faoi 2030 ón mbonnlíne 2018.<br>- Bainfidh CCG éifeachtúlacht fuinnimh 50% amach nó sárófar í vs. 2009 faoi 2030.<br>- Tionscadail comhaontaithe curtha i bhfeidhm ar bhonn bliantúil.<br>- Sa chás go ndéantar iarfheistiú, de réir rialachán tógála, ar os cionn 25% d'fhoirgneamh, beidh feidhmíocht beagnach NZEB ag an bhfoirgneamh. | Foireann Ardbhainistíochta, Gníomhú ar son na hAeráide, Idir-Rannach |
| 23 | Tacófar le huasghrádú píobán uisce stoirme i gcomhar le hUisce Éireann nuair a chríochnófar Staidéar Draenála Straitéisigh do Mhórcheantar na Gaillimhe (GGSDS). | Críoch curtha le GGSDS faoi 31.12.2029 | Bóithre agus Iompar (Oibríochtaí) |
| 24 | Tacú leis an méid úsáide is féidir a bhaint as an timpeallacht thógtha ar fud na cathrach; tacú le scéimeanna uasghrádaithe d'fhoirgnimh chónaithe agus tráchtála atá folamh agus tréigthe, lena n-áirítear scéimeanna ceannaigh agus scaoil, deisigh agus léasú, Cathracha Croí Cónaithe, etc. Áireofar cumhachtaí reachtaíochta ar nós Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh chun an athúsáid seo a chumasú más féidir. | - Roinnt foirgneamh á n-úsáid arís gach bliain laistigh de limistéar feidhme Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.<br>- An scéim Cathair Croí Cónaithe curtha chun cinn, roinnt deontas ceadaithe in aghaidh na bliana | Foireann Ardbhainistíochta, Comhshaol, Pleanáil, Tithíocht , Idir-Rannach |
| 25 | Uasdhátú a dhéanamh ar Chlár Tógála Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ionas go n-áireofar Uimhir Thagartha Mhéadarphointe, Uimhir Tagartha Gásphointe, stádas aitreabúideachta MagusR, achar urláir, sceideal áitíochta agus úsáide. Áireofar athbhreithniú ar fhardal foirgneamh de chuid CCG (foirgnimh shealadacha san áireamh) ó thaobh úsáide agus éifeachtúlachta fuinnimh de chun ídiú fuinnimh a laghdú agus chun cur leis an éifeachtúlacht spáis atá i bhfoirgnimh de chuid CCG. | - Clár tógála críochnaithe agus uasdátaithe faoi 30.06.2024<br>- Athbhreithniú ar úsáid fardail críochnaithe faoi 31.12.2024 | Gníomhú ar son na hAeráide, Foireann Ardbhainistíochta, Eastáit Corparáideach, Oibríochtaí, Áineas agus Conláistí, Cothabháil Tithíochta |
| 26 | An aidhm a bheith ann iarfheistiú a dhéanamh ar 65% ar a laghad de stoc tithíochta/árasán CCG ina bhfuil RFF íseal (<B2) go dtí RFF B2 nó níos airde. | - Iarfheishtiú déanta ar roinnt áirithe tithe go bliantúil<br>- Dul chun cinn bliantúil déanta i dtreo sprioc 65% faoi 31.12.2029 | Tithíocht |

DRAFT

### 3.2.3 Teacht Aniar agus Aistriú Pobal

| Uimhir | Gníomhartha Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil | PTF (Tomhas) | Úinéir an Ghnímh |
|---|---|---|---|
| **Téama - Athléimneacht Pobail agus Aistriú** | | | |
| 27 | Comhoibriú ar na nithe seo a leanas le grúpaí áitiúila pobail, gnó agus oideachais chun tacú le tionscnaimh a chuireann an gníomhú ar son na haeráide agus an t-aistriú cóir chun cinn:<br>- Dúshláin agus réitigh aeráide, maolú agus oiriúnú<br>- Taisteal gníomhach<br>- Coigilt fuinnimh<br>- Fuinneamh ísealcharbóin<br>- Bainistíocht dramhaíola agus geilleagar ciorclach<br>- Táirgeadh bia áitiúil, bainistíocht dramhbhia agus é a laghdú<br>- Uisce a chaomhnú agus a shábháil<br>- Fritháireamh carbóin ag an leibhéal áitiúil<br>- Réitigh bunaithe ar an dúlra, gnóthachan glan bithéagsúlachta.<br>- Comhoibriú le soláthróirí agus soláthar glas dírithe ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide | Roinnt imeachtaí in aghaidh na bliana in earnálacha éagsúla (ceardlanna, comhdhearadh, imeachtaí eolais, imeachtaí don phobal i gcoitinne, ionad ilfhreastail pobail)<br><br>Roinnt Margaí Glasa Áitiúla curtha i bhfeidhm go bliantúil trí Dhúshlán an Aontais Eorpaigh um Chathracha Cliste | Gníomhú ar son na hAeráide,<br>Pobal,<br>Eacnamaíoch agus Cultúr ,<br>Oifig Fiontair Áitiúil,<br>Idir-Rannach |
| 28 | Beidh sé riachtanach do gach eagraíocht cur síos a dhéanamh ar ghníomhartha ar son na haeráide. Déanfar iad seo a chumasú trí dheontais a chuirfidh CCG ar fáil mar chuid den phróiseas iarratais ar dheontais. Tabharfar tús áite d'iarratais a bhainfidh na spriocanna aeráide sin amach. | - Beidh sé riachtanach gníomhartha ar son na haeráide a léiriú mar chuid de gach iarratas ar dheontas ó CCG agus do cheadúnais imeachtaí. | Pobal,<br>Airgeadas,<br>Áineas agus Conláistí,<br>Pleanáil, Comhshaol,<br>Gníomhú ar son na hAeráide,<br>Idir-Rannach |
| 29 | Gnólachtaí a spreagadh ar féidir leo táirgí agus seirbhísí ísealcharbóin a sheachadadh, chun go mbogfaidh siad go dtí an chathair nó chun go leanfaidh siad orthu i mbun gnó ann. Seachadófar é seo leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail de chuid CCG. | - Tuilleadh tacaíochta do ghnólachtaí tríd an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail.<br><br>- Roinnt gnólachtaí a bhaineann leis an aeráide bunaithe go bliantúil tríd an Oifig Fiontair Áitiúil, trí Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Fiontraíocht Éireann agus GFT. | Eacnamaíocht agus Cultúr |
| 30 | Infreastruchtúr agus teicneolaíocht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud na cathrach chun cur amú uisce a laghdú, ar nós stáisiúin uisce, agus tuilleadh uisce báistí a bhailiú nuair is gá. | - 5 tionscadal laghdaithe uisce seachadta faoi 31.12.2029<br>- Uasdátú bliantúil déanta ar bhunachar sonraí d'uisce dromchla tríd an gclár eolais ar líne<br>- 15 stáisiún uisce/sconna nua roimh 31.12.2028 | Idir-Rannach |
| 31 | Clár oibre NetZeroCities a sheachadadh do Chathair na Gaillimhe. | Pacáistí oibre NetZeroCities seachadta faoi 31.05.2025 | Gníomhú ar son na hAeráide, |
| 32 | Ciste pobail do ghníomhartha ar son na haeráide a sheachadadh agus maoiniú eile a shainaithint do thionscadail aeráide áitiúla; tacú le grúpaí áitiúla agus leis an earnáil dheonach chun tionscadail oiriúnaithe agus maolaithe a chur i bhfeidhm ag an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear réitigh dúlrabhunaithe a rachaidh chun tairbhe an dúlra agus na ndaoine. | Ciste gníomhaithe ar son na haeráide curtha i bhfeidhm go bliantúil. | Gníomhú ar son na hAeráide, |

## 3.2.4 An Comhshaol agus Bithéagsúlacht

| Uimhir | Gníomhartha Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil | PTF (Tomhas) | Úinéir an Ghnímh |
|---|---|---|---|
| **Téama - Comhshaol agus Bithéagsúlacht** | | | |
| 33 | Leanfar le tacaíocht a thabhairt chun Plean um Oiriúnú Aeráide Chathair na Gaillimhe a chur i bhfeidhm mar aon leis an Scéim Cosanta Tuilte Coirib go Cósta. | - Gníomhartha ón bPlean um Oiriúnú Aeráide curtha i bhfeidhm go bliantúil<br>- Tuairisciú bliantúil ar dhul chun cinn ar an Scéim Cosanta Tuilte don Chathair | Forbairt Infreastruchtúir<br><br>Idir-Rannach |
| 34 | Straitéis do spásanna glasa i gCathair na Gaillimhe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do spásanna atá faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. | Fobairt déanta ar an straitéis faoi 31.12.2024 agus gníomhartha curtha i bhfeidhm go bliantúil | Áineas agus Conláistí |
| 35 | Gníomhartha a chur i bhfeidhm atá leagtha amach i bPlean Gníomhartha do Bhithéagsúlacht Chathair na Gaillimhe 2014-2024. | - Gníomhartha curtha i bhfeidhm atá leagtha amach sa phlean bithéagsúlachta ar bhonn bliantúil<br>- Forbairt déanta ar straitéis nua 2025-2030 faoi 31.12.2024 | Áineas agus Conláistí |
| 36 | Gníomhartha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sa Straitéis Speicis Choimhthíocha Ionracha i gCathair na Gaillimhe 2024-2034 . | - Straitéis forbartha faoi 31.03.2024<br>- Gníomhartha curtha i bhfeidhm go bliantúil | Áineas agus Conláistí |
| 37 | Straitéis crann a fhorbairt do Chathair na Gaillimhe, lena n-áirítear sonraí maidir le ceannbhrat ar fud na cathrach, trí bhainistíocht a dhéanamh ar an stoc atá ann cheana féin agus crainn nua a chur in áiteanna cuí le meascán oiriúnach de chrainn. | - Straitéis crann forbartha faoi 30.06.2025 ina bhfuil bonnlíne de cheannbhrat don chathair.<br>- Roinn crann curtha go bliantúil. | Áineas agus Conláistí |
| 38 | Plean bainistíochta coillearnaí do choillearnach de chuid CCG atá ann cheana féin. | - Pleananna bainistíochta forbartha do choillearnach:<br>- Coill Bhearna 31/12/2024, ina dhiaidh sin, Páirc Foraise Thír Oileáin agus Coill Mhuirlinne. | Áineas agus Conláistí |
| 39 | An buntáiste carbóin a thomhas atá ag teacht ó spásanna glasa, ón gceantar muirí agus ó bhearta ceapadh carbóin atá leabaithe i bhforbraíochtaí. | - Modheolaíocht forbartha chun bonnlíne ceaptha carbóin do Chathair na Gaillimhe a leagan síos; áirítear leis seo léarscáil ceaptha carbóin don chathair faoi 31/12/2024.<br><br>- Tús curtha le dhá thionscadal chun an bonnlíne a dheimhniú trí fheidhmíocht suímh a thomhas faoi 31/12/2025.<br><br>- Modheolaíocht foilsithe faoi 31/12/2026. | Áineas agus Conláistí, Gníomhú ar son na hAeráide, Pleanáil |
| 40 | Táirgeadh bia a bhfuil lorg carbóin níos ísle aige a chur chun cinn, lena n-áirítear:<br>- Méadú a chur ar an méid bia a fhástar agus a roinntear go háitiúil trí ghairdíní pobail agus gharraí scóir ar fud na Gaillimhe.<br>- Ceantair nua a shainaithint do ghairdíní pobail.<br>- Laghdú ar an méid leasachán a úsáidtear trí mhúirín a tháirgeadh go háitiúil. | - Gairdíní agus garraí scóir pobail nua gach bliain.<br>- Suirbhé bliantúil a fhorbairt ar shaothróirí gharraí scóir chun bunachar sonraí a bhunú don bhia a tháirgtear go háitiúil.<br>- Garraí scóir áitiúla a chur chun cinn ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.<br>- Staidéar Féidearthachta maidir le ceantar de chuid CCG ina ndéantar dramhaíl ghlas a bhainistiú mar mhúirín don úsáid phoiblí faoi 31.12.2025. | Áineas agus Conláistí |
| 41 | Tacú le forbairt a dhéanamh ar Straitéis Bealach Gorm d'aibhneacha agus do chanálacha ina gcuirtear san áireamh cothabháil, bithéagsúlacht, oiriúnú aeráide agus laghdú ar astaíochtaí. Bunófar an Straitéis ar mheasúnú éiceolaíochta agus ar chonair fhiadhúlra i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, le hIascaigh Intíre Éireann agus le hIontaobhaithe Loingseoireachta Loch Coirib. | Straitéis forbartha faoi 31.12.2026 agus gníomhartha curtha i bhfeidhm go bliantúil.<br>Plean cothabhála a fhorbairt faoi 31.12.2027. | Áineas agus Conláistí, , Comhshaol, Idir-Rannach |

DRAFT

| Uimhir | Gníomhartha Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil | PTF (Tomhas) | Úinéir an Ghnímh |
|---|---|---|---|
| **Téama - Comhshaol agus Bithéagsúlacht** | | | |
| 42 | Féachaint conas is féidir Réitigh Dúlrabhunaithe a chomhtháthú i ngach tionscadal inmheánach de chuid CCG agus tionscadail atá ceadaithe ag CCG, leis an aidhm athléimneacht aeráide a fheabhsú agus gnóthachan glan bithéagsúlachta a chothú.<br>Áireofar freisin córais draenála uirbeacha inbhuanaithe ina mbeidh riachtanais cosanta comhshaoil, lena n-áirítear suíomhanna Eorpacha ainmnithe.<br>Méadú ar cheannbhrat i gCathair na Gaillimhe, agus cuirfear crainn agus réitigh scátha ingearacha san áireamh. | - Réitigh Dúlrabhunaithe curtha i bhfeidhm i ngach tionscaddal de chuid CCG, lena n-áirítear draenáil uirbeach agus córais scátha ó 2024 ar aghaidh más féidir. Tagairt do threoirlínte DHLGH ar réitigh dúlrabhunaithe maidir le bainistíocht a dhéanamh ar Uisce Báistí agus Uisce Dromchla a Ritheann chun Srutha i gCeantair Uirbeacha.<br>- Treoirlínte CCG ina gcuimsítear réitigh dúlrabhunaithe agus réitigh draenála uirbeacha forbartha faoi 31.12.2025 agus déanfar gach tionscadal a mheas de réir na dtionscadal ó 2026 ar aghaidh.<br>- Méadú bliantúil ar an % den cheannbhrat i gCathair na Gaillimhe | Foireann Ardbhainistíochta, Forbairt Infreastruchtúir Iompar, Pleanáil, Áineas agus Conláistí, Idir-Rannach |
| 43 | I gcomhar leis na tionscnaimh "Aer Glan Le Chéile" agus "An tAer a Roinnimid", Plean Feabhsaithe do Chaighdeán an Aeir i gCathair na Gaillimhe a fhorbairt agus suíomhanna ina thastálfar criosanna astaíochtaí ísle a shainaithint. | - Plean forbartha faoi 31.12.2029<br>- Tuarascáil Bhliantúil ar chaighdeán an aeir | Comhshaol, Forbairt Infreastruchtúir, Pleanáil, Taisteal Gníomhach, Iompar, Bóithre agus iompar (Oibríochtaí) |
| 44 | Tacú le Feidhmeannacht na Seribhíse Sláinte (FSS) chun próiseas a fhorbairt ina ndéanfar feabhas sa tsláinte a thomhas ó thionscadail aeráide ar fud chathair na Gaillimhe. | - Sonraí ábhartha a sholáthar do FSS go bliantúil mar is gá. | Comhshaol, Gníomhú ar son na hAeráide |
| 45 | Úsáid luibhicíde agus lotnaidicíde atá ar siúl ag CCG anois a mheas, de réir Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaicidíce 2009/128/EC, leis an aidhm deireadh a chur leo agus roghanna eile atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a úsáid go réamhghníomhach nuair is féidir. | - Próiseas eile a sholáthar seachas lotnaidicíd agus luibhicíd chun déileáil le fiailí faoi 31.12.2029. | Foireann Ardbhainistíochta, Bóithre agus iompar (Oibríochtaí), Tithíocht, Áineas agus Conláistí |
| 46 | Gníomhartha sa Phlean Bainistíochta Abhantraí a chur i bhfeidhm a thagann ó Chreat-treoir Uisce an AE.<br>Déanfar tuilleadh forbartha ar an mbonn fianaise faoin obair seo agus cuirfear gnéithe comhshaoil san áireamh ar nós caighdeán an aeir, uirbiú, dianfheirmeoireacht, foraoisiú agus an tionchar fadtéarmach a d'fhéadfadh a bheith ar an athrú aeráide. | Gníomartha curtha i bhfeidhm go bliantúil de réir an Phlean Bainistíochta Abhantraí<br><br>Forbairt déanta ar shampláil agus ar bhonn fianaise go bliantúil | Comhshaol Áineas agus Conláistí |

## 3.2.5 Iompar agus Soghluaisteacht

| Uimhir | Gníomhartha Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil | PTF (Tomhas) | Úinéir an Ghnímh |
|---|---|---|---|
| **Téama - Iompar agus Soghluaisteacht** | | | |
| 47 | Tacú le forbairt a dhéanamh ar rochtain, ar aistriú córa iompair agus ar thaisteal gníomhach ar fud Chathair na Gaillimhe trí chláir oibre a chur i bhfeidhm agus Straitéis Iompair na Gaillimhe. | Críoch curtha le roinnt tionscadal gach bliain | Rannóg Infreastruchtúir, Taisteal Gníomhach |
| 48 | Staidéar a dhéanamh ar mhodhanna iompair inbhuanaithe do Chathair na Gaillimhe agus iad seo a mhéadú, e.g. taisteal gníomhach,iarnród éadrom. | Críoch curtha le Straitéis Iompair do Mhórcheantar na Gaillimhe faoi 31.12.2024 | Iompar |
| 49 | Tacú leis an taisteal gníomhach ar fud Chathair na Gaillimhe, déileáil le príomhpháirtithe leasmhara, le grúpaí pobail, le hinstitiúidí agus le scoileanna trí cheardlanna agus chomhdhearadh. Áirítear leis sin clár oiliúna rothaíochta do pháistí bunscoile, meánscoile agus don lucht gnó. | - Roinnt tionscadal Taisteal Gníomhach seachadta go bliantúil<br>- Úsáid á baint as an Taisteal Gníomhach<br>- Roinnt feachtas oiliúna | Iompar |
| 50 | Tacú le scéimeanna soghluaisteachta pobail, lena n-áirítear rothair a roinnt, mol soghluaisteachta, carranna leictreacha a roinnt agus a luchtú, carranna a chomhroinnt, agus tacsaithe pobail. | - Tacaíocht tugtha do roinnt tionscadal<br>- Maoiniú ceadaithe chun tacú leis na tionscadail seo go bliantúil | Iompar |
| 51 | Comhoibriú leis an Údarás Náisiúnta Iompair/TFI chun triail a bhaint as cártaí *leap* a oibríonn le híocaíocht gan tadhall ar an iompar poiblí laistigh de Chathair na Gaillimhe. | Críoch curtha leis an triail faoi 31.12.2024 | Iompar |
| 52 | Comhoibriú leis an Údarás Náisiúnta Iompair/TFI chun cinnte a dhéanamh de go ndéanfar dóthain cothabhála d'úsáideóirí ar an mbonneagar taistil ghníomhaigh. | Forbairt déanta ar chlár cothabhála bliantúil, lena n-áirítear cothabháil ar an mbonneagar taistil ghníomhaigh, plean cothabhála seachadta | Forbairt Infreastruchtúir, Taisteal Gníomhach Comhshaoil, Áineas agus Conláistí, Bóithre agus Iompar (Oibríochtaí), Tithíocht |
| 53 | Soláthróirí d'iompar poiblí agus príobháideach a spreagadh chun bogadh go dtí iompar poiblí agus tacsaithe saor ó astaíochtaí, mar thosaíocht ar fud Chathair na Gaillimhe. | - % d'fhlít iompair phoiblí saor ó astaíochtaí bainte amach go bliantúil i gceantar Chathair na Gaillimhe<br><br>- % bliantúil de thacsaithe saor ó astaíochtaí ag feidhmiú i gceantar Chathair na Gaillimhe | Forbairt Infreastruchtúir, Taisteal Gníomhach |
| 54 | Nuair is féidir, bainfidh fostaithe de chuid CCG úsáid as cruinnithe fíorúla seachas taistil chuig cruinnithe. Más gá taistil, úsáidfear modhanna iompair atá neamhdhíobhálach don timpeallacht. Leanfar leis an bpolasaí cianoibre chun comaitéireacht chun na hoibre a laghdú. | - Seiceálfaidh CCG an féidir an cárta *leap* a úsáid don taisteal gnó agus cuirfear é sin i bhfeidhm, más féidir, faoi 31.12.2024<br>- Bunóidh CCG cuntas gnó le soláthróirí soghluaiseachta comhroinnte.<br>- Méadú bliantúil ar na ciliméadair a bhaineann úsáid as modh iompair ísealcharbóin vs modh iompair a bhaineann úsáid as breosla iontaise.<br>- Leanfaidh CCG ag tacú leis an gcianobair | Acmhainní Daonna, Forbairt Infreastruchtúir, Taisteal Gníomhach, Idir-Rannach |
| 55 | Déanfar measúnú riachtanais ar shuíomhanna ina bhféadfaí áiseanna páirceála agus taistil a sholáthar i suíomhanna cuí ar chonair iompair straitéisigh de réir Straitéis an NTA; áireofar freisin pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha agus páirceáil do rothair. | Críoch curtha le Straitéis Iompair Mhórcheantar na Gaillimhe faoi 31.12.2024 | Forbairt Infreastruchtúir, Pleanáil,Taisteal Gníomhach |
| 56 | Déanfar staidéar bainistíochta éilimh le haghaidh páirceáil sráide agus eas-sráide ar fud na cathrach | Críoch curtha leis an staidéar faoi 31.12.2024 | Forbairt Infreastruchtúir, Pleanáil,Taisteal Gníomhach |
| 57 | Déanfar forbairt ar straitéis bhonneagair chun feithiclí leictreacha a luchtú i gCathair na Gailliime agus tacófar leis an mbonneagar sin a chur i bhfeidhm. | Críoch curtha le straitéis feithiclí leictreacha CCG do Chathair na Gaillimhe | Forbairt Infreastruchtúir, Taisteal Gníomhach |

DRAFT

## 3.2.6 Inbhuanaitheacht agus Bainistíocht Acmhainní

| Uimhir | Gníomhartha Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil | PTF (Tomhas) | Úinéir an Ghnímh |
|---|---|---|---|
| **Téama - Inbhuanaitheacht agus Bainistíocht Acmhainní** | | | |
| 58 | Tionscnaimh a chur i bhfeidhm chun dramhaíl a sheachaint agus a laghdú ar fud Chathair na Gaillimhe i gcomhar leis an earnáil phríobháideach agus le pobail áitiúla, lena n-áirítear dréachtphlean náisiúnta bainistíochta dramhaíola ina n-áireofar gníomhartha don gheilleagar ciorclach. | % laghdú dramhaíola *per capita* do Chathair na Gaillimhe gach bliain.<br><br>Gníomhartha, leagtha amach sa dréachtphlean bainistíochta dramhaíola don gheilleagar crioclach, curtha i bhfeidhm. | Comhshaol |
| 59 | Forbróidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe conair trasfhoirmithe digiteach. | Conair forbartha faoi 31.12.2024 | TFC |
| 60 | Tacófar leis an bPríomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola agus leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le bainistíocht dramhaíola a chomhlíonadh laistigh de na tionscail tithíochta agus tógála, trí chomhoibriú feadh an slabhra tógála go léir chun pronsabail an gheilleagair chiorclaigh agus dea-chleachtas a neadú i bhforbraíochtaí tógála i gCathair na Gaillimhe | Déanfar gach iarratas pleanála a mheas i dtaca le pleananna bainistíochta dramhaíola; ní mór ratá 100% comhlíonta a bhaint amach maidir leis seo.<br><br>Teagmháil leis an tionscal tógála (lena n-áirítear imeachtaí feasachta, ceardlanna agus cuairteanna ar shuíomhanna) | Comhshaol, Pleanáil |

DRAFT

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council



# 4 Crios Dícharbónaithe

Limistéar roghnaithe é Crios Dícharbónaithe (CD) ina n-oibríonn údaráis áitiúla agus pobail le chéile leis an méid carbóin a tháirgtear ina ngníomhaíochtaí laethúla a laghdú. Trí bhealaí a fhiosrú laistigh den phobal chun maireachtáil agus oibriú níos inbhuanaithe, is féidir leis an criosanna seo réitigh áitiúla a aimsiú ar fhadhbanna domhanda, cosúil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, feabhas a chur ar cháilíocht an aeir, fuinneamh a choigilt agus dramhaíl a laghdú.

Is é an príomhchuspóir atá ag Crios Dícharbónaithe bealaí nuálacha inbhainte amach a aimsiú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón limistéar a laghdú 51% faoin mbliain 2030, bunaithe ar leibhéil 2018. Glacann Criosanna Dícharbónaithe le ról ríthábhachtach le foghlaim agus nuálaíocht a luathú agus leis an gcastacht agus leis an scála a thuiscint atá i gceist leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí i gcoitinne a dhícharbónú. Feidhmíonn an limistéar mar ardáin le triail a bhaint as teicneolaíochtaí, beartais, agus straitéisí nua le haghaidh dícharbónú agus cuireann siad timpeallacht rialaithe ar fáil inar féidir le taighdeoirí, gnólachtaí agus lucht déanta beartas comhoibriú le réitigh nuálacha a thástáil sula ndéanfar iad a thabhairt isteach i limistéir eile i gCathair na Gaillimhe.

Roghnaigh CCG, trí phróiseas daingean measúnaithe, limistéar ina bhfuil codanna den Chaisleán Nua, Ráthún, Seantalamh, agus an Taobh Thiar mar an limistéar a shásaíonn riachtanais CD i dtaobh méide, bealach chun cinn inbhainte amach go laghdú 51% ar astaíochtaí GCT i rith an chéid, tionchar féideartha na Comhairle, agus comhoibriú páirtithe leasmhara. Tá plean an chreasa bunaithe ar shaintréithe an limistéir, na rudaí a théann chun sochair don phobal, agus conas is féidir leis na gnéithe seo oibriú le chéile le carbón agus gáis cheaptha teasa eile a laghdú nó a bhaint ón timpeallacht.

## 4.1 Léargas Ginearálta ar an CD

Léirítear ar na léarscáileanna ceantarbhunaithe anseo istigh próifíl an cheantair, i dtaobh rátáil fuinnimh foirgnimh (BER), úsáid fuinnimh tráchtála agus tionsclaíochta, déimeagrafaigh agus féidearthachta i leith fuinneamh in-athnuaite. Tá déimeagrafach daonra limistéar an CD, thar aon ní eile, ‘beagán faoi bhun an mheáin’ - ‘faoi mhíbhuntáiste’ (i gcomhréir le hinnéacsanna díothachta Pobal).



DRAFT

Cuireadh é seo san áireamh fad a bhí Plean an Chreasa Dícharbónaithe seo á ullmhú, ina raibh baint lárnach ag “Aistriú Cóir” go todhchaí dhícharbónaithe le gníomhartha a shainaithint.  Aistriú Cóir, a chiallaíonn go dtugtar faoin athrú go dícharbónú agus fuinneamh glan ar bhealach atá ionchuimsitheach, cothrom, a chuireann teacht comhionann ar fáil ar dheiseanna nua, agus a chinntíonn nach bhfágtar aon duine ar lár.




Fíor 4-1 Teorainn Chathair na Gaillimhe ina bhfuil an crios dícharbónaithe aibhsithe




Fíor 4-2 Teorainn CD Chathair na Gaillimhe




Fíor 4-3 Teasléaráid déine astaíochtaí cónaithe limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe




Fíor 4-4 Teasléaráid déine astaíochtaí iompair limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe




Fíor 4-5 Teasléaráid déine astaíochtaí cathrach limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe




Fíor 4-6 Teasléaráid déine geodhéimeagrafaí limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

## 4.2 Próifíl Astaíochtaí an CD

B'ionann na hastaíochtaí bonnlíne iomlána don CD agus 35,029 tCO2eq., taispeántar an dáileadh in aghaidh na hearnála i Fíor 4-7, is féidir teacht ar an FAB don CD anseo ar shuíomh gréasáin um ghníomhú ar son na haeráide Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Is í an spriocteorainn astaíochtaí 2030 don CD 17,164 tCO2eq, a dheimhnítear tríd an sprioc laghdaithe 51%. Luaitear sa bhonnlíne astaíochtaí gurb as na hearnálacha cónaithe, tráchtála agus iompair atá na hastaíochtaí is mó, atá ar aon dul leis an mbonnlíne ar fud na cathrach; ach is ionann na hearnálacha cónaithe agus tráchtála agus comhréir níos mó den iomlán laistigh den CD i gcoibhneas leis an gcathair, mar sin féin.

Imríonn an ceantar áitiúil bruachbhailteach, gníomhaíocht gheilleagrach agus déimeagrafaigh laistigh den chrios tionchar tréan ar dháileadh na n-astaíochtaí i measc na n-earnálacha éagsúla agus tá roinnt úsáideoirí móra fuinnimh tráchtála suite laistigh den chrios (ina bhfuil tromlach na n-astaíochtaí san earnáil seo).




Fíor 4-7 Próifíl an Fhardail Astaíochtaí Bonnlíne (FAB) ón mBun Aníos do Chrios Dícharbónaithe Chathair na Gaillimhe in 2018

## 4.3 Fís agus Misean an CD

Aithníonn CCG an tábhacht a bhaineann le forbairt áitiúil ina soláthraítear beartas náisiúnta ar leibhéal pobail, le torthaí inbhraite a chumasú agus le fíorathrú a chur chun cinn. Ba cheart go mbeadh na gníomhartha inchainníochtaithe chun gur féidir dul chun cinn i dtreo spriocanna a thomhas.

> Is í an fhís do Chrios Dícharbónaithe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe cumas, aimsiú agus acmhainní an údaráis áitiúil a ghiaráil chun gníomhú ar son na haeráide ar fud an limistéir a stiúradh agus a chomhordú go héifeachtach.

**Is é an misean do Chrios Dícharbónaithe na Gaillimhe réitigh inbhraite a phleanáil agus a chur i bhfeidhm a dhéanann laghduithe intomhaiste ar astaíochtaí a chur chun cinn trí ghníomhú áitiúil a chur i bhfeidhm agus cur i**

Tá réadúlacht an athraithe aeráide agus tionchair an mhargaidh fuinnimh atá luaineach faoi láthair, á dtabhairt faoi deara ag pobail áitiúla agus is minic go ndéanann an t-aistriú go dícharbónú difear díréireach dóibh. Ar an ábhar sin, tá mar aidhm ag an bPlean seo na pobail áitiúla laistigh den CD a chumasú agus tacú leo chun tionchair aeráide a mhaolú trí acmhainní a sholáthar, tionchar CCG i measc na n-earnálacha go léir den tsochaí a ghiaráil agus sochair chomhshaoil, shóisialta, agus gheilleagracha a uasmhéadú.

Lena chinntiú go gcomhlíontar an fhís agus an misean dár gcrios dícharbónaithe, sainaithníodh na ceithre sprioc straitéiseacha uileghabhálacha seo a leanas, mar a chuirtear i láthair i bhFíor 4-8, a mhúnlóidh soláthar na gníomhartha laistigh den phlean seo.




Fíor 4-8 Spriocanna straitéiseacha Chrios Dícharbónaithe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

Tacaíonn 6 limistéar tosaíochta leis na spriocanna seo, faoi mar a léirítear i Fíor 4-9. Rinneadh an bealach dícharbónaithe a forbraíodh don CD a ailíniú le bearta sonracha laistigh de gach limistéar tosaíochta a chumasóidh dul i ngleic le hastaíochtaí.




Fíor 4-9 Limistéir Tosaíochta Straitéisí Chrios Dícharbónaithe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

DRAFT

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council



Grianghrafadóir - Chaosheng Zhang

## 4.4 Príomhpháirtithe Leasmhara an CD agus Teacht Aniar Pobail

Bhí páirt lárnach ag rannpháirteachas le páirtithe leasmhara i bhforbairt an Phlean seo, lenar n-áiríodh sonraí a bhailiú trí shuirbhéanna agus comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara.  Croíchuspóir den Phlean seo is ea comhpháirtíochtaí a éascú agus gníomhaithe áitiúla a chumasú le gníomhaíochtaí dícharbónaithe a chur chun cinn. Ar an ábhar sin, is gné ríthábhachtach maidir le dícharbónú an chreasa é ailíniú le agus tacú le pleananna reatha aeráide agus inbhuanaitheachta. Soláthróidh CCG tacaíochtaí acmhainní, teicniúla agus oideachais, faoi mar is cuí, i gcomhréir leis na gníomhartha atá i Mír 4.5. Tugtar cuntas thíos ar roinnt de na príomhpháirtithe leasmhara laistigh den chrios dícharbónaithe (cé gur cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil an liosta seo críochnaitheach):

**Ollscoil na Gaillimhe**

- Tá campas lárnach Ollscoil na Gaillimhe lonnaithe laistigh den CD agus úsáideoir mór fuinnimh é. Tá pleananna uaillmhianacha inbhuanaitheachta á gcur i bhfeidhm cheana féin ag OG le fuinneamh agus astaíochtaí oibríochtúla a laghdú. Anuas ar thacú le OG lena spriocanna reatha, spreagann an Plean seo comhoibriú leis an Ollscoil i dtaobh oideachais, scileanna a roinnt agus taighde.

**Ospidéil na hOllscoile, Gaillimh**

- Úsáideoir mór fuinnimh (sealbhóir ceada GCT) é an t-ospidéal laistigh den chrios, ina bhfuil comhréir mhór astaíochtaí i bhfoirgnimh agus san earnáil fiontraíochta. Tá pleananna dícharbónaithe agus laghdaithe fuinnimh á gcur i bhfeidhm ag an ospidéal. Tá scóip le haghaidh nuálaíochta le laghdú éilimh a chur chun cinn, a bheidh ina phointe fócais do staidéir thaighde sa chrios. Tá mar aidhm ag an bPlean seo comhoibriú ar phleananna laghdaithe astaíochtaí a

**Mol Hidrigine na Gaillimhe (G2)**

- Aithnítear sa Plean seo an fhéidearthacht dul i gcomhpháirtíocht leis an mol hidrigine a bheartaítear, cé go lonnófar an láthair a bheartaítear ag Port na Gaillimhe, lasmuigh den CD, cumasóidh a chur i bhfeidhm úsáid inbhuanaithe a bhaint as hidrigin laistigh den chrios. Cabhróidh seo leis na hearnálacha níos dúshlánaí a dhícharbónú, cosúil leis na hearnálacha tionscail agus iompair, ach go háirithe.

**Pobal Fuinnimh Inmharthana (Comharchumann Fuinnimh na Gaillimhe)**

- Ceannairí teicniúla agus tacadóirí pobail laistigh den crios iad Comharchumann Fuinnimh na Gaillimhe. D'fhorbair an Comharchumann anailís iarfheistithe don earnáil cónaithe, arb í an earnáil is mó astaíochtaí laistigh den crios. Tacaíonn an Plean seo lena bhforbairt leanúnach agus teastaíonn comhoibriú uaidh leis an gComharchumann, i limistéir ar nós oideachais, scileanna a roinnt agus nuálaíochta.

**Scoileanna, Cumainn Spóirt agus Grúpaí Pobail**

- Tá na grúpaí seo lárnach maidir le cumasú agus rannpháirtíocht an phobail áitiúil chun úinéireacht a ghlacadh as an ngníomhaíocht dícharbónaithe agus forbartha inbhuanaithe sa CD. Tá mar aidhm ag an bPlean seo comhoibriú leis na grúpaí siúd a chothú, go háirithe san oideachas, maidir le scileanna a roinnt agus athrú iompraíochta. Teastóidh rannpháirtíocht chuimsitheach ó fheabhsúcháin ar bhonneagar poiblí, agus ar sheirbhísí le hAistriú Cóir a

Beidh aird ag gníomhartha dícharbónaithe a chur i bhfeidhm tríd an bPlean seo ar na prionsabail seo a leanas a chumasaíonn athléimneacht phobail agus a chabhraíonn lena chinntiú go mbaintear spriocanna amach go rathúil agus iarmhairtí neamhbheartaithe á seachaint agus luach sóisialta á bhaint amach i gcónaí i gcomhthráth. Cumasóidh gníomh ar leibhéal an phobail beartais náisiúnta a fhíorú ar deireadh thiar agus tá sé ríthábhachtach, ar an ábhar sin, go dtacaíonn pobail laistigh den chrios leis an bPlean agus go mbaineann siad na tairbhí a chruthaíonn a chur i bhfeidhm.

## Aistriú Cóir

- Tá páirt lárnach ag Aistriú Cóir i gcur i bhfeidhm an Phlean seo. Áirítear leis seo barr feabhais a chur ar fhorbairt shocheacnamaíoch trí na gníomhartha dícharbónaithe, a chinntiú nach bhfágtar aon duine ar lár agus go mbíonn deis chothrom ag gach duine an tairbhe is mó a bhaint de dheiseanna nua. Tabharfaidh na gníomhartha tacaíocht chuí do limistéir faoi mhíbhuntáiste, a chinntíonn nach mbraitheann roinnt áirithe ualach an aistrithe fuinnimh go díréireach.

## Riosca Fuinnimh a Laghdú

- Tugann na gníomhartha sa phlean seo tús áite don laghdú ar éileamh fuinnimh mar chéad chéim. Nuair a chuirtear luaineacht reatha an mhargaidh fuinnimh san AE san áireamh, déanfaidh éileamh ar fhuinneamh a laghdú rioscaí reatha agus an fhéidearthacht i leith bochtaineacht fuinnimh a laghdú, ar aon dul le REPowerEU. Cabhróidh sé freisin le costais leanúnacha a laghdú agus le hathléimneacht fuinnimh a mhéadú trí bhrúnna ar an líonra fuinnimh a laghdú.

## Oiriúnú don Aeráid

- Soláthrófar an Plean seo (agus an Máistirphlean Fuinnimh ar fud na Cathrach) i gcomhthráth le agus anuas ar Straitéis Oiriúnaithe Aeráide na Gaillimhe. Soláthraíonn na gníomhartha sa Phlean seo go leor comhthairbhí inbhuanaitheachta agus tugann siad aird ar an leochaileacht fhéideartha atá i ndán do Ghaillimh agus don chrios mar gheall ar thionchair dhosheachanta an athraithe aeráide.

## Comhoibriú

- Tá oibriú go hionchuimsitheach agus go comhoibritheach ar fud an chreasa ríthábhachtach maidir le soláthar na ngníomhartha a leagtar amach laistigh den Phlean seo.
- Éascóidh na gníomhartha líonraí i measc earnálacha agus grúpaí páirtithe leasmhara éagsúla, a aithníonn an fhéidearthacht go mbainfear comhghnóthachan amach agus a chinntíonn cumarsáid shoiléir. Is féidir le comhoibriú deiseanna nua le haghaidh dícharbónú a shainaithint.

## Forbairt Leanúnach

- Tiocfaidh an Plean seo chun cinn de réir mar a leantar ag foghlaim ón bpobal áitiúil trí scileanna a roinnt agus nuálaíocht a chuireann na gníomhartha chun cinn. Aithnítear gur fearr atá an pobal áitiúil in ann deiseanna nua nó limistéir feabhsaithe a shainaithint. Déanfaidh an Plean seo oiriúnú do dhálaí athraitheacha, faoi mar is cuí.

## 4.5 Gníomhartha an CD

Tugtar cuntas i **Error! Reference source not found.**, **Error! Reference source not found.** agus **Error! Reference source not found.** ar na gníomhartha inchainníochtaithe agus sonraítear na srianta ina dhiaidh sin ar astaíochtaí i samhaltú an bhealaigh i Míreanna 0 go 4.5.6. Tugadh faoi léarscáiliú ar spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFI) do na gníomhartha leis an méid a cuireadh le forbairt inbhuanaithe a léiriú. Cuimsítear toimhdí dícharbónaithe eangach leictreachais an SEAI sna bealaí a chuirtear i láthair; ach ní áirítear dícharbónú na heangaí náisiúnta gáis leo, mar sin féin. Beidh aon fhorbairt a d'fhéadfadh titim amach mar thoradh ar na gníomhartha a leagtar amach sa phlean CD seo faoi réir measúnuithe cuí timpeallachta, faoi mar is gá, a chinntíonn go dtagann siad leis na cuspóirí caomhnaithe do SAC agus SPA Loch Coirib agus SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus Láithreáin Eorpacha SPA Chuan na Gaillimhe Istigh.

Tábla 4-1 Gníomhartha an Chreasa Dícharbónaithe, Cuid 1

| Uimhir | Gníomh atá molta maidir le Crios Dícharbónaithe | Laghdú ar Astaíochtaí | Buntáistí Inbhuanaitheachta | Ambhonn Fráma | Ailíniú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA |
|---|---|---|---|---|---|
| **Téama - Áiteanna Cónaithe Príobháideacha** | | | | | |
| Seachadóidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe feachtais, lorgóidh sí maoiniú Náisiúnta/Eorpach agus tacaíocht polasaí i gcomhar le comhpháirtithe ábhartha chun athrú iompraíochta a chur chun cinn agus gníomhartha CD1 - CD7 a bhaint amach. | | | | | |
| CD 1 | Iarfheistiú ar 60% de thithe (988 áit chónaithe) agus 50% d'árasáin (444 áit chónaithe) ina bhfuil RFF ard (os cionn C3) | Laghdú díreach inchainníochtúil ar astaíochtaí | Billí fóntais laghdaithe, laghdú ar bhochtaineacht fuinnimh, teacht aniar níos láidre maidir le fuinneamh, compord teirmeach níos fearr | 7 mbliana | 7, 3, 13 |
| CD 2 | Teaschaidéil a shuiteáil i 65% de thithe ina bhfuil RDD íseal (faoi bhun C1) (1,353 áit chónaithe) (áirítear leis sin 100% de thithe iarfheistithe) | Laghdú díreach inchainníochtúil ar astaíochtaí | Feabhas tagtha ar chaighdeán an aeir (taobh istigh agus lasmuigh)<br>Teacht aniar níos láidre maidir le fuinneamh<br>Spásanna maireachtála níos sláintiúla, laghdú ar thinte breosla sholadaigh | 7 mbliana | 7, 3, 13 |
| CD 3 | Úasghrádú éifeachtúlachta fuinnimh do gach teach a bhfuil RDD íseal aige (níos lú ná C1) | Laghdú díreach inchainníochtúil ar astaíochtaí | Billí fóntais laghdaithe, laghdú ar bhochtaineacht fuinnimh, teacht aniar níos láidre maidir le fuinneamh | 5 bliana | 7, 3 |
| CD 4 | Córais fótavoltach gréine a shuiteáil (68% de thithe oiriúnacha) | Laghdú díreach inchainníochtúil ar astaíochtaí | Billí fóntais laghdaithe, laghdú ar bhochtaineacht fuinnimh, teacht aniar níos láidre maidir le fuinneamh | 6 bliana | 7, 3 |
| CD 5 | Polasaí cumasaithe a chur i bhfeidhm d'úinéirí tí chun tacú le bearta sábhála fuinnimh | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Fobairt phobail agus tacú le hAistriú Cóir | 1 blian amháin | 11, 7, 13 |
| CD 6 | Scéim acmhainne agus theicniúil a sholáthar d'úinéirí tí sa CD i gcomhar le SEC | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Fobairt phobail agus tacú le hAistriú Cóir<br>Laghdú ar neamhionannas | 1-2 bhliain | 11, 10, 4 |
| CD 7 | Clár oideachais agus oiliúna a sheachadadh ar an iarfheistiú, ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar theaschaidéil in éineacht le hinstitiúidí oideachais | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Laghdú ar neamhionannas<br>Rochtain ar oideachas agus ar an bhfoghlaim a chumasú<br>Uasoiliúint / scileanna a roinnt chun tacú leis an aistriú fuinnimh | 1-2 bhliain | 11, 10, 4 |
| **Téama - Iompar agus Soghluaiseacht** | | | | | |
| Seachadóidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe feachtais, lorgóidh sí maoiniú Náisiúnta/Eorpach agus tacaíocht polasaí i gcomhar le comhpháirtithe ábhartha chun athrú iompraíochta a chur chun cinn agus gníomhartha CD8 - CD15 a bhaint amach. | | | | | |
| CD 8 | Aistreofar 60% de bhusanna agus de thacsaithe (15 bus and 22 tacsaí) go dtí breosla saor ó charbón faoi 2030 | Laghdú díreach inchainníochtúil ar astaíochtaí | Laghdú ar thruailliú aeir<br>Athléimneacht fuinnimh trí úsáid a bhaint as breosla malartach | 7 mbliana | 7, 3, 13 |
| CD 9 | Beidh 40% de charranna ina bhfeithiclí leictreacha (1,435 feithicil) faoi 2030 | Laghdú díreach inchainníochtúil ar astaíochtaí | Laghdú ar thruailliú aeir agus ar thruailliú ó thorann | 7 mbliana | 3, 13 |
| CD 10 | Beidh laghdú 50% ar an líon ciliméadar a thaistealaítear faoi 2030 | Laghdú díreach inchainníochtúil ar astaíochtaí | Laghdú ar thruailliú aeir agus ar thruailliú ó thorann<br>Feabhas ar shláinte agus ar fholláine<br>Feabhas ar an ríocht phoiblí trí laghdú a bhaint amach ar bhrú tráchta agus feabhas ar an gcaoi a úsáidtear spás | 7 mbliana | 3, 11, 13 |
| CD 11 | Beidh 80% d'fheithiclí earraí ag baint úsáide as plandola faoi 2030 | Laghdú díreach inchainníochtúil ar astaíochtaí | Laghdú ar thruailliú aeir | 7 mbliana | 3, 13 |
| CD 12 | Staidéar bainistíochta éilimh ar dhéanamh don chrios chun bealaí a a shainaithint chun an úsáid a bhaintear as carranna a laghdú | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Fobairt phobail agus tacú le hAistriú Cóir<br>Feabhas ar an ríocht phoiblí trí laghdú a bhaint amach ar bhrú tráchta agus feabhas ar an gcaoi a úsáidtear spás | 2-3 bliana | 9, 11, 13 |
| | Polasaí chun infreastruchtúr agus scéimeanna tacaíochta a sholáthar do thithe agus do ghnólachtaí áitiúla | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Fobairt phobail agus tacú le hAistriú Cóir<br>Laghdú ar neamhionannas | 2-3 bliana | 9, 10, 8 |
| DZ 14 | Tionscadail siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí a chur i bhfeidhm de réir Straitéis Iompair na Gaillimhe | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Forbairt phobail<br>Ríocht phoiblí feabhsaithe<br>Cruthú fostaíochta | 5 bliana | 3, 11, 8 |
| DZ 15 | Feachtas chun athrú iompraíochta a spreagadh agus a chumasú maidir le modhanna iompair sa chrios | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Ardú feasachta agus oideachas a chumasú<br>Comhoibriú pobail | 2-3 bliana | 3, 11, 4 |

Table 4-2 Gníomhartha an Chreasa Dícharbónaithe, Cuid 2

| Uimhir | Gníomh atá molta maidir le Crios Dícharbónaithe | Laghdú ar Astaíochtaí | Buntáistí Inbhuanaitheachta | Ambhon n Fráma | Ailíniú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA |
|---|---|---|---|---|---|
| **Téama - Trádáil agus Tionscal** | | | | | |
| Seachadóidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe feachtais, lorgóidh sí maoiniú Náisiúnta/Eorpach agus tacaíocht polasaí i gcomhar le comhpháirtithe ábhartha chun athrú iompraíochta a chur chun cinn agus gníomhartha DZ16 - DZ22 a bhaint amach. | | | | | |
| DZ 16 | Laghdú 70% in úsáid an leictreachais, mar thoradh, go príomha, ar laghdú ar an méid a ídíonn na húsáideoirí leictreachais móra | Laghdú díreach inchainníochtúil ar astaíochtaí | Méadú ar athléimneacht fuinnimh<br>Laghdú ar thruailliú aeir | 7 mbliana | 7, 3, 13 |
| DZ 17 | Freastalófar ar 60% d'éileamh leictreachais le leictreachas inathnuaite, talamhbhunaithe, a ghinnfear ar an láthair | Laghdú díreach inchainníochtúil ar astaíochtaí | Athléimneacht fuinnimh, laghdú ar spleáchas ar an eangach<br>Feabhas ar chaighdeáin an aeir go háitiúil | 7 mbliana | 7, 3, 13 |
| DZ 18 | Freastalófar ar 20% d'éileamh gáis leis an mbithmheatán inathnuaite | Laghdú díreach inchainníochtúil ar astaíochtaí | Prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a neadú<br>Athléimneacht fuinnimh | 5 bliana | 7, 12 |
| DZ 19 | Scéim acmhainne agus theicniúil a sholáthar do ghnólachtaí áitiúla agus do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide laistigh den chrios | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Forbairt phobail agus Aistriú Cóir<br>Laghdú ar neamhionannas | 1-2 bhliain | 11, 10 |
| DZ 20 | Staidéar taighde a dhéanamh maidir le téamh áitiúil i gceantair faoi leith sa chrios i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Cruthú fostaíochta<br>Forbairt phobail<br>Tacú le nuálaíocht fuinnimh | 3 bliana | 9, 8, 7 |
| DZ 21 | Polasaí a chur i bhfeidhm chun iniúchóireacht fuinnimh, laghdú fuinnimh agus an t-éileamh ar an bhfuinneamh inathnuaite, a dhreasú agus a chumasú | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Aistriú Cóir<br>Tacú le nuálaíocht fuinnimh<br>Laghdú ar neamhionannas | 1-2 bhliain | 9, 10 |
| DZ 22 | Comhoibriú agus tacaíocht maidir le pleananna dícharbónaithe na n-úsáideoirí móra sa chrios a sheachadadh | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Forbairt phobail agus Aistriú Cóir<br>Uasoiliúint / scileanna a roinnt chun tacú leis an aistriú fuinnimh | 3-5 bliana | 11, 10, 9 |
| **Téama - Tithíocht Shóisialta** | | | | | |
| Seachadóidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe cláir chun na torthaí atá leagtha síos i CD23 - CD30 a bhaint amach. | | | | | |
| CD 23 | Iarfheistiú ar 17% de thithe sóisialta (137 áit chónaithe) agus 15% d'árasáin (32 áit chónaithe) a bhfuil RFF ard acu (os cionn C3) agus an RFF seo a ísliú faoi 2030 | Laghdú díreach inchainníochtúil ar astaíochtaí | Billí fóntais laghdaithe, laghdú ar bhochtaineacht fuinnimh, teacht aniar níos láidre maidir le fuinneamh, compord teirmeach níos fearr | 7 mbliana | 7, 3, 13 |
| CD 24 | Teaschaidéal a shuiteáil i 37% de thithe a bhfuil RDD faoi bhun C1 acu (237 áit chónaithe) (100% de thithe iarfheistithe) | Laghdú díreach inchainníochtúil ar astaíochtaí | Feabhas ar chaighdeán an aeir go háitiúil (istigh agus lasmuigh)<br>Feabhas ar athléimneacht fuinnimh<br>Spásanna cónaithe níos folláine | 7 mbliana | 7, 3, 13 |
| CD 25 | Uasghrádú Éifeachtúlachta Fuinnimh do 94% de thithe a bhfuil RDD íseal acu (faoi bhun C1) | Laghdú díreach inchainníochtúil ar astaíochtaí | Billí fóntais laghdaithe, laghdú ar bhochtaineacht fuinnimh, teacht aniar níos láidre maidir le fuinneamh | 6 bliana | 7, 13 |
| CD 26 | Córais fótavoltachais gréine a shuiteáil (a chlúdóidh 85% den tithíocht shóisialta) | Laghdú díreach inchainníochtúil ar astaíochtaí | Billí fóntais laghdaithe, laghdú ar bhochtaineacht fuinnimh, teacht aniar níos láidre maidir le fuinneamh | 6 bliana | 7, 13 |
| CD 27 | Deiseanna RESS a phlé le SEC chun fuinneamh gréine a chur i bfheidhm sa chrios | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Fobairt phobail agus tacú le hAistriú Cóir<br>Méadú ar nuálaíocht agus ar athléimneacht fuinnimh | Bliain amháin (1) | 11, 7, 19 |
| CD 28 | Tacaíocht acmhainne agus theicniúil a sholáthar i gcomhar le SEC | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Fobairt phobail agus tacú le hAistriú Cóir<br>Neamhionannas a laghdú | 1-2 bhliain | 11, 10 |
| CD 29 | Clár oideachais agus oiliúna a sheachadadh ar an iarfheistiú, ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar theaschaidéil | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Neamhionannas a laghdú<br>Rochtain ar oideachas agus ar an bhfoghlaim a chumasú<br>Uasoiliúint / scileanna a roinnt chun tacú leis an aistriú fuinnimh | 1-2 bhliain | 11, 10, 4 |
| CD 30 | Iniúchóireacht fuinnimh chuimhsitheach a chur i bhfeidhm ar an tithíocht shóisialta mar bhunús do ghníomhartha | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Fobairt phobail agus tacú le hAistriú Cóir<br>Laghdú ar neamhionannas | 1-2 bhliain | 11, 10, 8 |

Table 4-3 Gníomhartha an Chreasa Dícharbónaithe, Cuid 3

| Uimhir | Gníomh atá molta maidir le Crios Dícharbónaithe | Laghdú ar Astaíochtaí | Buntáistí Inbhuanaitheachta | Ambhon n Fráma | Ailíniú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA |
|---|---|---|---|---|---|
| **Téama - Ceantar Bardasach** | | | | | |
| Seachadóidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe cláir chun na torthaí atá leagtha amach i CD31 - CD37 a bhaint amach. | | | | | |
| CD 31 | Bearta iarfheistithe ar 100% d'fhoirgnimh bhardasacha | Laghdú díreach inchainníochtúil ar astaíochtaí | Costais oibríochtúla níos ísle, teacht aniar níos láidre maidir le fuinneamh, compord teirmeach níos fearr | 5 bliana | 7, 3, 13 |
| CD 32 | Teaschaidéil a shuiteáil i 100% d'fhoirgnimh bhardasacha atá oiriúnach | Laghdú díreach inchainníochtúil ar astaíochtaí | Feabhas ar chaighdeán an aeir go háitiúil (istigh agus lasmuigh)<br>Feabhas ar athléimneacht fuinnimh | 5 bliana | 7, 3, 13 |
| CD 33 | Córais fótavoltachais gréine a shuiteáil ar fhoirgnimh bhardasacha oiriúnacha sa chrios | Laghdú díreach inchainníochtúil ar astaíochtaí | Costais oibríochtúla níos ísle<br>Feabhas ar chaighdeán an aeir go háitiúil<br>Feabhas ar athléimneacht fuinnimh<br>Cruthú fostaíochta | 6 bliana | 7, 13 |
| CD 34 | Uasghrádú ar an soilsiú poiblí | Laghdú díreach inchainníochtúil ar astaíochtaí | Costais oibríochtúla níos ísle<br>Feabhas ar athléimneacht fuinnimh<br>Ríocht phoiblí níos fearr agus laghdú ar iompraíocht fhrithshóisialta | Bliain amháin (1) | 7, 13, 11 |
| CD 35 | Iniúchóireacht fuinnimh chuimhsitheach a chur i bhfeidhm ar fhoirgnimh bhardasacha sa CD mar bhunús do ghníomhartha | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Cruthú fostaíochta<br>Tacú le nuálaíocht agus scileanna a roinnt<br>Feabhas ar athléimneacht fuinnimh | 1-2 bhliain | 11, 9, 8 |
| CD 36 | Deiseanna a chíoradh don fhomhéadú/mhéadrú cliste i bhfoirgnimh bhardasacha móra chun spriocanna mionsonraithe / monatóireacht a dhéanamh | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Ídiú freagrach<br>Feabhas ar athléimneacht fuinnimh | 1-2 bhliain | 7, 12 |
| CD 37 | Comhlíonfaidh gach foirgneamh nua na caighdeáin inbhuanaithe is airde/na riachtanais NZEB is déanaí | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Cruthú fostaíochta<br>Prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a neadú | Bliain amháin (1) | 11, 9 |
| **Théama - Inbhuanaitheacht agus Bainistíocht Acmhainní** | | | | | |
| Seachadóidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe feachtais, lorgóidh sí maoiniú Náisiúnta/Eorpach mar aon le tacaíocht polasaí i gcomhar le comhpháirtithe ábhartha chun athrú iompraíochta a chur chun cinn leis an aidhm gníomhartha CD38 - CD43 a bhaint amach. | | | | | |
| CD 38 | Scéim acmhainní agus theicniúil do ghnólachtaí a chur i bhfeidhm sa CD chun cur leis an gciorclaíocht (athúsáid, deisiú, slabhra soláthair, soláthar) | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a neadú<br>Costais oibríochtúla níos ísle<br>Cruthú fostaíochta agus scileanna a roinnt<br>Neamhionannas laghdaithe<br>Fobairt phobail agus tacú le hAistriú Cóir | 3 bliana | 12, 11, 10, 8 |
| CD 39 | An chiorclaíocht a neadú laistigh den chrios nuair atá tionscadail nua á ndearadh agus á dtógáil | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a neadú<br>Costais íslithe agus níos lú tionchair ar an timpeallacht ón dtógáil | 5 bliana | 12 ,13 ,8 |
| CD 40 | Feachtas oideachais agus feasachta a sholáthar ar phatrúin ídithe inbhuanaithe (ábhair, uisce, bia) in éineacht le hinstitiúidí oideachais | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Ardú feasachta agus oideachas a chumasú<br>Prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a neadú<br>Scileanna a roinnt | 2 bhliain | 12, 9, 4 |
| CD 41 | Dul i ngleic agus comhoibriú leis an Ollscoil, na scoileanna, grúpaí pobail sa CD chun iad a spreagadh agsu tacú leo níos lú dramhaíola a chruthú agus uisce a chaomhnú | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Ardú feasachta agus oideachas a chumasú<br>Comhoibriú leis an bpobal<br>Uasoiliúint / scileanna a roinnt chun tacú le hAistriú Cóir | 2-3 bliana | 11, 12, 9 |
| CD 42 | Polasaí a chur i bhfeidhm chun cur le líon na ngceantar tréscaoilteach sa CD (spásanna glasa, plandaí a chur agus tírdhreachú) | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Feabhas ar an Ríocht Phoiblí<br>Buntáistí bithéagsúlachta<br>Oiriúnú don Athrú Aeráide agus baol laghdaithe ó thuilte<br>Cáilíocht an uisce a chosaint<br>Sláinte agus folláine feabhsaithe | 4-5 bliana | 11, 15, 3 |
| CD 43 | Comhoibriú le scoileanna, agus/nó grúpaí pobail sa CD chun gairdín pobail a bhunú chun bia a fhás i dtimpeallacht uirbeach | Beart cáilíochtúil a mbeidh coigilt astaíocthaí indíreach mar thoradh air | Ardú feasachta agus oideachas a chumasú<br>Comhoibriú leis an bpobal<br>Táirgeadh bia inbhuanaithe<br>Buntáistí bithéagsúlachta | 3 bliana | 11, 15, 3 |

DRAFT

Tugtar cuntas sna gníomhartha a dtugtar cuntas orthu i dTábla 4-1, Tábla 4-2 agus Tábla 4-3 ar chreat gníomhartha a theastaíonn le sprioc an chreasa dícharbónaithe a bhaint amach faoin mbliain 2030. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil teorainn fhorleathan ar shainchúram Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i dtaobh na leibhéal gníomhartha a bhfuil sainchúram nó acmhainní ag an údarás lena gcur i bhfeidhm, ina mbraitear go príomha ar sholáthar ag daoine aonair  príobháideacha agus ag páirtithe leasmhara. Déanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe iarracht feachtais a sholáthar, cistiú Náisiúnta/Eorpach agus tacaíocht bheartais a lorg i gcomhar le comhpháirtithe ábhartha leis an athrú iompraíochta a theastaíonn le spriocanna a bhaint amach a chur chun cinn.

### 4.5.1 Gníomhartha Príobháideacha Cónaithe an CD

Áirítear le gníomhartha príobháideacha cónaithe an CD i Tábla 4-1 an fhéidearthacht laghdaithe astaíochtaí agus comhthairbhí inbhuanaitheachta. Rinneadh na gníomhartha a chuireann le laghduithe díreacha inchainníochtaithe ar astaíochtaí a chur san áireamh i samhaltú an bhealaigh dícharbónaithe, Fíor 44-10, agus níor cuireadh na bearta cáilíochtúla san áireamh i gcásanna samhaltaithe nuair a chuireann siad go fóill le laghduithe ar astaíochtaí a bhaint amach go hindíreach trí thacú le meicníochtaí agus/nó uaillmhian bhreise.

Déantar an bealach dícharbónaithe cónaithe príobháideach a shamhaltú bunaithe ar an leibhéal riachtanach uaillmhéine don limistéar a dtugtar tús áite dóibh go dtiocfaidh sé le spriocanna beartais. Tá ardleibhéal uaillmhéine ag an mbealach don chrios, nuair a chuirtear san áireamh go gcuireann sé go mór le hastaíochtaí GCT sa CD. De bhreis air sin, limistéar é seo ina bhfuil sé indéanta ó thaobh cúrsaí teicniúla agus teicneolaíochta de gníomhartha a chur i bhfeidhm láithreach, nuair a thugtar na tacaíochtaí cearta, agus baintear tionchair dhearfacha amach do theaghlaigh mar toradh air sin.

Áiríodh leis an samhaltú gníomhartha a sainaithníodh le hord an chur i bhfeidhm a léiriú a uasmhéadóidh laghduithe astaíochtaí. Mar shampla, cuirtear i bhfeidhm sa bhealach cónaithe na bearta iarfheistithe sular cuireadh teaschaidéil isteach chun carbón corpraithe agus costais infheistíochta a laghdú.

Ní chuimsítear na gníomhartha cáilíochtúla a chuireann le laghduithe indíreacha ar astaíochtaí sa bhealach dícharbónaithe; ach tá siad ríthábhachtach mar sin féin i

dtaobh an leibhéil riachtanaigh uaillmhéine a bhaint amach.  B’fhéidir go mbeidh roinnt de na gníomhartha seo inchainníochtaithe amach anseo nuair a bheidh sonraí breise ar fáil do na bearta seo.

Tá mar aidhm ag na bearta cáilíochtúla don earnáil chónaithe phríobháideach coinníollacha cumasaithe a chruthú laistigh den chrios le roinnt de na dúshláin a shárú a bhaineann leis an mbealach dícharbónaithe a sholáthar – trí bheartas, tacaíocht, agus roinnt scileanna struchtúrach. Beartaíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe iad siúd a éascú trí Chlár NetZeroCities a sholáthar, atá cistithe ag an Aontas Eorpach, a bhfuil de chuspóir aige dul i ngleic leis na bacainní roimh uasghráduithe fuinnimh a iarfheistiú ar fhoirgnimh san earnáil phríobháideach, suíomh gréasáin: NetZeroCities Pilot.

D’fhéadfadh an bealach dícharbónaithe laghdú 81% ar astaíochtaí na hearnála a bhaint amach laistigh den CD faoin mbliain 2030 vs. bonnlíne 2018 má éireoidh leis na gníomhartha a chur i bhfeidhm, Fíor 44-10.




Fíor 44-10 Bealach gníomhartha foirgneamh cónaithe príobháideach

### 4.5.2 Iompar agus Soghluaisteacht sa CD

Áirítear leis na gníomhartha iompair agus soghluaisteachta a dtugtar cuntas orthu i Tábla 4.1 an fhéidearthacht laghdaithe astaíochtaí agus comhthairbhí inbhuanaitheachta. Tugtar cuntas ar an mbealach dícharbónaithe soghluaisteachta is féidir a bhaint amach trí na gníomhartha a chur i bhfeidhm i Fíor 4-11. Déantar an

bealach dícharbónaithe seo a shamhaltú bunaithe ar an leibhéal cuí uaillmhéine agus leas á bhaint as gníomhartha sainaitheanta agus as bearta tacaíochta cáilíochtúla, cosúil leis an mbealach príobháideach.

Ar aon dul leis an mbealach cónaithe, tá mar aidhm ag na gníomhartha cáilíochtúla soghluaisteachta an dícharbónú seo a éascú trí dhálaí cumasaithe a chruthú laistigh den chrios. D'fhéadfadh an earnáil iompair a bheith dúshlánach lena dícharbónú gan athruithe suntasacha teicneolaíochta, bonneagracha, agus iompraíochta a dhéanamh. Tá sé ina ríthábhacht go dtéann gníomhartha i ngleic le gach gné den soláthar.

Tacóidh na gníomhartha le beartais reatha agus a bheidh ag teacht aníos agus tabharfaidh na beartais siúd tacaíocht dóibh. Mar shampla, éascóidh Straitéis Iompair na Gaillimhe ciliméadair feithicle a thaistealaítear a laghdú trí thionscadail cosúil le rothaíocht, siúl agus bonneagar iompair phoiblí. Ar an gcuma chéanna, éascóidh cur i bhfeidhm na straitéise bonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha (2022-2050) glacadh le feithiclí leictreacha.

D'fhéadfaí an uaillmhian dícharbónaithe a mhéadú níos mó nuair a sholáthrófar na gníomhartha cáilíochtúla, mar shampla, deimhneoidh an staidéar bainistíochta éilimh don chrios réitigh bhreise áitiúla agus freagróidh sé do riachtanais phobail faoi leith.

Tar éis gníomhartha a chur i bhfeidhm go rathúil, d'fhéadfadh an bealach dícharbónaithe laghdú 43% ar astaíochtaí na hearnála a bhaint amach laistigh den CD faoin mbliain 2030 vs. bonnlíne 2018, Fíor 4-11. Cé go bhfuil an toradh seo faoi bhun na teorann astaíochtaí earnála náisiúnta – laghdú 50% don iompar; is féidir é a bhaint amach, mar sin féin, nuair a chuirtear a indéanta atá cur i bhfeidhm laistigh den earnáil san áireamh. De bhreis air sin, d'fhéadfadh na bearta cáilíochtúla cur níos mó leis an uaillmhian seo trí aistriú córa iompair a éascú agus trí réitigh bhainistíochta éilimh áitiúla a shocrú a bhféadfadh laghduithe breise cáilíochtúla astaíochtaí eascairt astu ar a gcur i bhfeidhm.




Fíor 4-11 Bealach Iompar agus Soghluaisteachta

### 4.5.3 Gníomhartha Tráchtála agus Tionsclaíochta an CD

Áirítear leis na gníomhartha tráchtála agus tionsclaíochta a dtugtar cuntas orthu i dTábla 4.2 an fhéidearthacht laghdaithe astaíochtaí, Fíor 4-12, agus cuirtear eolas breise ar phríomhpháirtithe leasmhara agus ar astaírí móra san áireamh i Mír 4.4. Ar aon dul leis na limistéir eile a dtugtar tús áite dóibh, déantar an bealach dícharbónaithe a shamhaltú bunaithe ar an leibhéal uaillmhéine, gníomhartha a sainaithníodh, agus tacaíonn bearta cáilíochtúla cumasaithe eile leis. Déantar breithniú sa phlean ar indéantacht an chur i bhfeidhm agus ar rannpháirteachas le páirtithe leasmhara.

Tá éagsúlacht shuntasach ann i measc na hearnála seo agus is féidir leis seo dúshláin a chruthú. Mar shampla, d'fhéadfadh ardéileamh fuinnimh a bheith ag roinnt eagraíochtaí níos mó; ach d'fhéadfadh cumas níos mó a bheith acu réitigh nuálacha a chur i bhfeidhm i gcomparáid le gnólachtaí níos lú. Cé gur féidir le sonraí agus scóip thionchar an rialtais áitiúil srian a chur ar phleanáil dícharbónaithe don earnáil seo, spreagtar uaillmhian agus comhoibriú laistigh den chrios.

Tacóidh na gníomhartha cáilíochtúla leis na beartas dícharbónaithe díreacha a sholáthar trí scéimeanna beartais agus tacaíochta, agus comhoibriú á chothú agus deiseanna nua á gcruthú le cur níos mó le huaillmhian amach anseo (mar shampla, féidearthacht i dtaobh téamh ceantair).

Tar éis gníomhartha a chur i bhfeidhm go rathúil laistigh den CD faoin mbliain 2030 vs. bonnlíne 2018, d'fhéadfadh an bealach dícharbónaithe tráchtála agus tionsclaíochta laghdú 41% ar astaíochtaí na hearnála a bhaint amach, Fíor 4-12. Beartaítear go ndéanfaidh na bearta cáilíochtúla an uaillmhian i leith laghduithe astaíochtaí san earnáil amach anseo a mhéadú níos mó, a mb'fhéidir go mbeidh na laghduithe siúd inchainníochtaithe amach anseo.




Fíor 4-12 An Bealach gníomhartha tráchtála agus tionsclaíochta

## 4.5.4 Gníomhartha Tithíochta Sóisialta an CD

Tá na gníomhartha tithíochta sóisialta a dtugtar cuntas orthu i **Error! Reference source not found.** inchomparáide leis na limistéir eile a dtugtar tús áite dóibh a ndearnadh an bealach dícharbónaithe a shamhaltú bunaithe orthu, Fíor 4-13. Déantar an bealach dícharbónaithe seo a shamhaltú bunaithe ar an leibhéal cuí uaillmhéine agus leas á bhaint as gníomhartha sainaitheanta agus as bearta tacaíochta cáilíochtúla.

Ar aon dul leis an mbealach cónaithe príobháideach, leagtar na gníomhartha amach bunaithe ar an bprionsabal um thús áite d'éifeachtúlacht fuinnimh, inar bearta le hídiú fuinnimh a laghdú an chéad chéim. Ní chuimsítear na gníomhartha cáilíochtúla a chuireann le laghduithe indíreacha ar astaíochtaí sa bhealach dícharbónaithe, faoi mar a chuimsítear sna limistéir eile a dtugtar tús áite dóibh; ach cuireann siad mar sin féin le baint amach spriocanna eile agus cuireann siad feabhas ar uaillmhian san

earnáil. Mar shampla, cuireann an t-iniúchadh fuinnimh eolas ar fáil do bhearta iarfheistithe a chur i bhfeidhm agus d'fhéadfadh laghduithe breise inchainníochtaithe amach anseo eascairt as deiseanna féideartha an RESS.

Tar éis gníomhartha a chur i bhfeidhm go rathúil, d'fhéadfadh an bealach dícharbónaithe tithíochta sóisialta laghdú 60% ar astaíochtaí na hearnála a bhaint amach laistigh den CD faoin mbliain 2030 vs. bonnlíne 2018, Fíor 4-13.

Tá arduaillmhian ag an limistéar seo a dtugtar tús áite dó nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil smacht ag scóip thionchair CCG ar an stoc tithíochta seo, agus d'fhéadfaí ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla agus tús áite a thabhairt d'earnálacha eile. De bhreis air sin, tacóidh uaillmhian laistigh den earnáil le hAistriú Cóir trí bhillí fóntais a ísliú agus bochtaineacht fuinnimh a laghdú dóibh siúd is mó atá i mbaol. Mar shampla, d'fhéadfadh teaghlaigh ísealioncaim a bheith ag brath ar bhreoslaí níos saoire cosúil le gual agus móin a bhféadfadh uasghráduithe níos déine ar an gcóras téimh a bheith ag teastáil uathu.




Fíor 4-13 Bealach gníomhartha tithíochta sóisialta

### 4.5.5 Gníomhartha Cathrach an CD

Tá na gníomhartha cathrach a dtugtar cuntas orthu i Tábla 4-3 inchomparáide leis na limistéir eile a dtugtar tús áite dóibh. Rinneadh an bealach dícharbónaithe a shamhaltú bunaithe orthu, Fíor 4-14. Ar aon dul eile limistéir eile a dtugtar tús áite dóibh, cuimsítear sa samhaltú leibhéal na huaillmhéine agus gníomhartha a shainaithnítear, agus cuirtear an prionsabal tús áite d'éifeachtúlacht fuinnimh i bhfeidhm dóibh, arís eile.

Tá na gníomhartha cáilíochtúla nach bhfuil san áireamh sa bhealach dícharbónaithe ríthábhachtach mar sin féin i dtaobh baint amach spriocanna. Mar shampla, cuirfidh iniúchadh cuimsitheach fuinnimh eolas ar fáil don chur chuige iarfheistithe do na foirgnimh chathrach agus cumasaíonn siad an gníomh seo.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur cuireadh uasghráduithe ar shoilsiú poiblí (uasghráduithe neamhfhoirgnimh) i gcrích den chuid is mó ag tráth foilsithe an Phlean seo; ach cuimsítear iad, mar sin féin, sa tsamhail le laghduithe astaíochtaí ó bhonnlíne 2018 a léiriú. D'fhéadfadh scóip a bheith ann le breithniú a dhéanamh ar uasghráduithe breise soilsithe laistigh den chrios nuair a chuirfeadh seo le tairbhí inbhuanaitheachta níos fairsinge.

Ar aon dul leis an earnáil tithíochta sóisialta, tá arduaillmhian ag an limistéar seo a dtugtar tús áite dó nuair a chuirtear scóip thionchair CCG san áireamh. In ainneoin go gcruthaítear astaíochtaí níos ísle san earnáil seo ná cinn eile, tá acmhainn mhór ann ceannaireacht i ngníomhú ar son na haeráide a léiriú agus cur le feabhsú seirbhísí poiblí i gcomhthráth.

D'fhéadfadh an bealach dícharbónaithe don limistéar seo a dtugtar tús áite dó laghdú >90% ar astaíochtaí na hearnála a bhaint amach laistigh den CD faoin mbliain 2030 vs. bonnlíne 2018 má éireoidh leis na gníomhartha a chur i bhfeidhm, Fíor 4-14.




Fíor 4-14 Bealach gníomhartha foirgneamh cathrach

DRAFT

### 4.5.6 Gníomhartha Inbhuanaitheacht agus Bainistíochta Acmhainní an CD

Tá na gníomhartha don mhír seo a dtugtar cuntas orthu i Tábla 4-3 inchomparáide leis na limistéir eile a dtugtar tús áite dóibh, agus tá gach ceann díobh cáilíochtúil agus cuireann siad le coigiltí indíreacha astaíochtaí agus baineann tairbhí fairsinge comhshaoil agus socheacnamaíocha leo.

Baineann na gníomhartha don limistéar seo a dtugtar tús áite dó go príomha le coigiltí indíreacha astaíochtaí agus, ar an gcaoi sin, níl siad inchainníochtaithe go fóill sa samhaltú dícharbónaithe. Anuas air sin, tá sonraí teoranta faoi astaíochtaí bonnlíne ann do na hearnálacha seo agus ní áirítear leis an mbonnlíne ar fud na Cathrach ach astaíochtaí ó shaoráidí dramhaíola agus uisce (nach gcuirtear aon chinn díobh san áireamh sa CD). B’fhéidir go mbeidh na laghduithe bonnlíne agus astaíochtaí ó roinnt de na gníomhartha seo inchainníochtaithe amach anseo nuair a bheidh sonraí breise ar fáil.

Dá ainneoin sin, feabhsóidh na gníomhartha seo an uaillmhian dícharbónaithe laistigh den Chrios, agus tacaíonn siad leis an bhféidearthacht laghdaithe astaíochtaí, ar an iomlán, agus cuireann siad leis an gclár inbhuanaitheachta níos fairsinge.

Tá deis mhór ann leis na tairbhí comhlántacha a uasmhéadú a bhaineann le dícharbónú indíreach agus leis an luach comhshaoil agus sóisialta a chruthaíonn na gníomhartha seo. Is mar gheall ar an laghdú gaolmhar ar astaíochtaí próiseála, cóireála agus iompair a chruthaíonn giniúint dramhaíola níos lú agus éileamh níos lú ar uisce atá na coigiltí indíreacha astaíochtaí ó ghníomhartha ídithe. D’fhéadfaí tionchair dhearfacha a imirt ar charbón freisin de bharr cur níos mó.

Cuimsítear sna gníomhartha ídithe rannpháirtíocht shubstainteach le grúpaí éagsúla páirtithe leasmhara laistigh den chrios a chuirfidh lena gcumasú agus lena spéis i ngníomhaíochtaí áitiúla dícharbónaithe agus forbartha inbhuanaithe.

DRAFT

## 4.6 Bealach Foriomlán Dícharbónaithe an CD agus Achoimre

Cuirfidh na gníomhartha dícharbónaithe a dtugtar cuntas orthu i Mír 4.5 le laghdú 51% a bhaint amach ag Cathair na Gaillimhe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoin mbliain 2030 vs. bonnlíne 2018 agus is acu atá an uaillmhian is airde laistigh den chrios dícharbónaithe. Tagann seo leis an mbeartas náisiúnta agus le riachtanais an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide. Eascróidh bealach foriomlán dícharbónaithe as cur i bhfeidhm rathúil na ngníomhartha dícharbónaithe a leagtar amach laistigh den Phlean seo, a d'fhéadfadh an sprioclaghdú astaíochtaí a bhaint amach don chrios dícharbónaithe trí bhealach is féidir a bhaint amach laistigh den amfhráma.

Tá CCG teoranta i dtaobh astaíochtaí faoi chuntasacht dhíreach in aghaidh na n-astaíochtaí ar féidir tionchar a imirt orthu chun gníomh claochlaithe a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil. Ar an ábhar sin, teastóidh athruithe bunúsacha trasghearrthacha ar luas níos tapúla agus gach grúpa laistigh den phobal a bheith rannpháirteach. Nuair a chuirtear seo san áireamh, rinneadh an breithniú ceart ar dhálaí cumasaithe a chruthú d'athrú trí na gníomhartha a chuimsítear laistigh den Phlean seo (go háirithe na bearta cáilíochtúla). Bainfear seo amach trí bheartais, scéimeanna tacaíochta, scileanna a roinnt, rannpháirtíocht agus bonneagar cumasaithe is féidir a sholáthar le tacaíochtaí leordhóthanacha acmhainne agus i gcomhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara.

Tá an bealach uaillmhianach a dhóthain leis na spriocanna sannta a bhaint, gníomh a bheidh dúshlánach. De bhreis air sin, aithnítear go mbaineann rioscaí leis an mbealach dícharbónaithe a chur i bhfeidhm a leagtar amach sa phlean seo, lena n-áirítear fáil ar chistiú agus ar acmhainní, conraitheoirí agus soláthar ábhar, easpa treoir náisiúnta agus an éiginnteacht tar éis 2030 go 2050.

Rinneadh an cistiú a theastaíonn do gach ceann de na gníomhartha a mheasúnú tríd an bPlean seo a fhorbairt chun eolas a chur ar fáil do CCG ar na hacmhainní agus na tacaíochtaí a theastaíonn leis na gníomhartha a sholáthar. Tugadh faoi seo ar mhaithe leis an bPlean a fhorbairt, seachas leis na costais chríochnaitheacha a dheimhniú, nuair a mheastar go bhfuil na gníomhartha a chuimsítear anseo istigh cuí agus inbhainte amach ó pheirspictíocht chistithe sa ghearrthéarma.

Caithfear dul chun cinn gach cinn de na gníomhartha a rianú agus a mhonatóiriú, athbhreithniú san áireamh ar an mbealach dícharbónaithe in aghaidh na bonnlíne. Ba cheart a thabhairt faoi deara, cé gurb é 2018 an bhonnlíne don sprioc seo, go gcuirtear na gníomhartha sa Phlean i bhfeidhm ó bhliain an fhoilsithe (2024). Tugtar cuntas ar mhonatóireacht agus ar sholáthar na ngníomhartha i Mír 5. Tugtar cuntas sa Phlean seo ar an uaillmhian dícharbónaithe don CD, gníomhartha san áireamh leis an mbunathrú a sholáthar a theastaíonn le spriocanna 2030 (agus ina dhiaidh sin) a bhaint.

Gníomhóidh an CD mar limistéar eiseamláireach don chathair, le harduaillmhian dícharbónaithe a thástáil a d'fhéadfaí a thabhairt isteach sa chathair. Déanfar tagairt áisiúil den mhéid a fhoghlaimeofar ón gcrios chun níos mó pleananna a dhéanamh agus soláthrófar é i gcomhar leis an Máistirphlean Fuinnimh don Chathair.  Príomh-chomhpháirtithe a bheidh sa phobal, i dtionscail agus i ngnólachtaí le geilleagar ísealcharbóin a chruthú a sheasfaidh a aimsir.

Mar chomhphobal, caithfimid gníomhú ar luas leis an bPlean seo a chur i bhfeidhm agus gníomhaíocht a dhéanamh de. Teastóidh tacaíocht dhóthanach acmhainní uaidh seo, anuas ar cheannaireacht thiomanta, chomhchoiteann agus chomhoibritheach. Tá comhuaillmhian ag an bPlean seo, i ndeireadh na dála, don CD inar gá do gach gníomhaí sochaíoch a bpáirt a ghlacadh chun go n-éireoidh leis. Beidh cur chuige ón mbarr anuas agus ón mbun aníos sa soláthar – agus tá ról ríthábhachtach le glacadh ag na pobail laistigh den chrios.

Léirítear sa Phlean seo an uaillmhian agus fíorfhéidearthacht an mhéid is féidir a bhaint amach trí ghníomh claochlaithe agus comhchoiteann ar leibhéal áitiúil.

**Comhairle Cathrach na Gaillimhe**

Galway City Council



Grianghrafadóir: Chaosheng Zhang

# 5 Cur i bhFeidhm agus Tuairisciú

## 5.1 Ár gCur Chuige i leith Cur i bhFeidhm

Déanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe an Dréacht-LACAP seo a chur i bhfeidhm. Cé go bhfuil cur chuige uile-Chomhairle ag teastáil ón bplean, tá an Dréachtphlean faoi úinéireacht Rialachas Corparáideach agus Seirbhísí, an Stiúrthóireacht Pobail agus Athraithe Aeráide.

Lena chinntiú go gcuirtear na gníomhartha laistigh den Dréacht-LACAP seo i bhfeidhm agus go dtuairiscítear orthu, bhunaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe réimse fairsing struchtúir agus cainéil chumarsáide, laistigh den Chomhairle, le páirtithe leasmhara seachtracha agus le húdaráis áitiúla máguaird, agus le comhlachtaí réigiúnacha (CARO).

### 5.1.1 Cur Chuige um Chur i bhFeidhm Inmheánach

Bunaíodh Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide i gComhairle Cathrach na Gaillimhe le déanaí i rith 2023 agus tá Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Oifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus Oifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide san fhoireann.

Is é ról na foirne seo gníomhú ar son na haeráide príomhshrutha a chuimsiú isteach i ngníomhaíochtaí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ghníomhartha an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus tuairisciú agus measúnú an Phlean oiriúnaithe a chomhordú. Tacaíonn na Ranna níos fairsinge ar fud na heagraíochta leis an gcroí-Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhfuil úinéireacht acu ar ghníomhartha faoi seach sa Phlean. Áirítear leo seo na Ranna seo a leanas – Rialachas Corparáideach agus Seirbhísí, Pobal, Comhshaol, Forbairt Gheilleagrach agus Cultúr, Airgeadas agus TFC, Tithíocht, Acmhainní Daonna, Caitheamh Aimsire agus Áineas agus Bóithre agus Iompar (Oibríochtaí), Forbairt Bonneagair, Taisteal Gníomhach, Seirbhísí Uisce (Oibríochtaí), Forbairt Bonneagair agus Pleanáil.

### 5.1.2 Cur Chuige um Chur i bhFeidhm Seachtrach

Bainfidh buntábhacht le hoibriú le pobail ar fud Chathair na Gaillimhe lena chinntiú go mbaineann na gníomhartha laistigh den phlean seo a lánchumas amach. Mar

gheall gur croíghné bhunúsach é go ndéanann Comhairle Cathrach na Gaillimhe idirchaidreamh agus obair le gach earnáil ar fud na cathrach, oibreoimid go comhoibritheach agus i gcomhpháirtíocht le réimse príomhpháirtithe leasmhara chun tacú le soláthar an Dréacht-LACAP seo.

Tá na páirtithe leasmhara seo a leanas i measc na bpáirtithe leasmhara seo, ach níl siad teoranta dóibh – údaráis áitiúla in aice láimhe i gContae na Gaillimhe, Maigh Eo, Sligeach, Dún na nGall, Biúró Fuinnimh Bhord Farraige an Atlantaigh Thuaidh, an Grúpa Oiliúna Náisiúnta Seirbhísí Údaráis Áitiúil, Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (Líonra Rannpháirtíochta Pobail do Chathair na Gaillimhe), Aoisbhá Éireann, Comhairle na nÓg. Is féidir leis na comhpháirtíochtaí seo deiseanna a sholáthar do chomhoibriú ar thionscadail, foghlaim chomhroinnte, tacaíocht theicniúil agus deiseanna cistithe a ghiaráil fad atá na gníomhartha sa Dréacht-LACAP á gcur i bhfeidhm.

De bhreis air sin, d'aontaigh na húdaráis áitiúla in Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhord Farraige an Atlantaigh Thuaidh le cur chuige réigiúnach, a chinntíonn comhoibriú dlúth maidir le cur i bhfeidhm na bPleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide.

### 5.1.3 Cistiú agus Comhpháirtíochtaí

Le ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla agus an t-aistriú a chur chun cinn chuig sochaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de, teastóidh ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe teacht ar chistiú leordhóthanach do thionscadail um ghníomhú ar son na haeráide i dtreo a spriocanna 2030 agus 2050 a bhaint amach, i measc deiseanna cistithe, cosúil le deontais rialtais, cistí Eorpacha, infheistíocht san earnáil phríobháideach agus cómhaoiniú pobail. Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag dul sa tóir go gníomhach ar dheiseanna nua agus reatha cistithe ó chomhlachtaí Eorpacha agus náisiúnta a thagann lena cuspóirí um ghníomhú ar son na haeráide. Tugtar cuntas i Fíor 5-1 ar thionscnaimh reatha aeráide atá cistithe ag an AE.




Fíor 5-1 Cláir a bhaineann leis an aeráid lena dtacaíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus an tAontas Eorpach ar siúl in 2023

Tá baint lárnach freisin ag comhpháirtíochtaí le réitigh ísealcharbóin a bhaint amach don earnáil údaráis áitiúil. Tá ról á ghlacadh ag an earnáil phríobháideach cheana féin i dtreo an Cuspóir Aeráide Náisiúnta a bhaint amach agus is féidir leis an saghas seo comhoibrithe feabhas fiú níos mó a chur ar chumas na hearnála laghduithe astaíochtaí a bhaint amach ar fud Chathair na Gaillimhe. Is féidir leis an earnáil Tríú Leibhéal saineolas taighde agus forbartha a sholáthar freisin chun cabhrú le húdaráis áitiúla agus le réitigh nuálacha a chur i bhfeidhm chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus oiriúnú d’athrú aeráide. Is féidir leis na comhpháirtíochtaí seo cabhrú le húdaráis áitiúla freisin teacht ar dheiseanna cistithe do thionscadail agus tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide. Spreagfaidh agus éascóidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe comhoibriú leis an earnáil phríobháideach agus leis an earnáil Tríú Leibhéal, sa chás gur féidir agus gurb indéanta.

DRAFT

## 5.2 Ár nDul chun Cinn a Thomhas

Príomhní atá le cur san áireamh don phlean seo a bhí inár ról a neartú maidir le gníomhú ar son na haeráide, go háirithe an cumas dul chun cinn a rianú, a thomhas

agus a thuairisciú i dtaobh gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a sholáthar ar leibhéil údaráis áitiúil agus earnála. Tá sé bunriachtanach, dá bharr, go ndéantar ár ndul chun cinn ar na gníomhartha a leagtar amach laistigh den phlean seo a thomhas agus cabhróidh sé leis an dul chun cinn atá á dhéanamh againn i leith gníomhú ar son na haeráide i rith na chéad tréimhse 5 bliana amach romhainn agus níos faide chun cinn, a thabhairt chun solais.

Déanfar a fheabhas a éireoidh le Cathair na Gaillimhe na gníomhartha a leagtar amach sa phlean seo a sholáthar bunaithe ar shaghas an ghnímh, agus ar an dlínse agus an sainchúram atá ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe i leith na ngníomhartha.

I dtaobh na gníomhartha a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí a sholáthar a bhaineann le bonneagar agus sócmhainní na Comhairle, leanfaimid leis an gcóras bunaithe Monatóireachta agus Tuairiscithe (M agus T) atá á bhainistiú ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) a úsáid. I gcás gníomhartha eile ina dhiaidh seo, is trí dhul chun cinn maidir le soláthar gníomhartha a chur in iúl trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) earnála a bheidh ár bpríomhchur chuige tuairiscithe. Deimhníodh na PTFanna seo ar aon dul le forbairt na ndréachtghníomhartha faoi seach a dtugtar cuntas orthu laistigh den phlean seo.

## 5.3 Riachtanais agus Socruithe Tuairiscithe

Tuairisceofar ar dhul chun cinn agus ar thomhas na ngníomhartha faoinár bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide trí úsáid a bhaint as struchtúir agus creataí éagsúla tuairiscithe, Fíor 5-2.

Lena chinntiú go ndéantar an Plean a sholáthar agus a chur i bhfeidhm go hinmheánach, déanfar monatóireacht ar ghníomhartha trí chóras rianaithe intí. Éascóidh Cathair na Gaillimhe go ndéanfaidh baill thofa tuairisciú ar bhonn bliantúil, trí Choistí um Beartais Straitéiseacha (CBS). Leanfar leis an gcóras M agus T a úsáid mar uirlis tuairiscithe chun feidhmíocht fuinnimh agus spriocanna astaíochtaí a rianú gach bliain don SEAI.

DRAFT




Fíor 5-2 Scéimreach riachtanais tuairiscithe an LACAP

Beartaíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i leith an LACAP seo a sholáthar trí úsáid a bhaint as PTFanna bunaithe ar ghníomh. Úsáidfear iad seo i dtuarascálacha bliantúla chun eolas a chur ar fáil d'fheidhmíocht na hearnála rialtais áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide, mar chuid de Straitéis 2030 DECA an rialtais áitiúil. I gcomhréir le cuid 3(w) den Chairt Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide, tuairisceoidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe gach bliain don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Comhshaoil ar dhul chun cinn ar ghníomhú ar son na haeráide ar leibhéal áitiúil mar chuid den chuspóir náisiúnta aeráide a sholáthar. Tuairisceofar ar dhul chun cinn ar na gníomhartha go léir trí uirlis tuairiscithe a d'fhorbair CARO. De bhreis air sin, beartaíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe tabhairt faoi agus monatóireacht a dhéanamh ar Phlean Fuinnimh Inbhuanaithe agus Gníomhaithe ar Son na hAeráidee (SECAP) mar bhall sínitheora amach anseo de Chúnant na Méaraí don Aeráid agus d'Fhuinneamh.

DRAFT

# Aguisíní

## Liosta na dTáblaí

Tábla 2-1 Blianta garsprice a dtagraítear dóibh in anailís ar fud an LACAP seo22
Tábla 2-2 Athruithe tuartha in aghaidh na guaise tuartha aeráide ó Mheasúnú Riosca Aeráide Chathair na Gaillimhe 27
Tábla 4-1 Gníomhartha an Chreasa Dícharbónaithe, Cuid 1 54
Table 4-2 Gníomhartha an Chreasa Dícharbónaithe, Cuid 2 55
Table 4-3 Gníomhartha an Chreasa Dícharbónaithe, Cuid 3 56

## Liosta na bhFíoracha

Fíor 1-1 Meánteocht Bhliantúil Aeir Dromchla (1900-2021) d'Éirinn ina léirítear méadú thart ar 0.9°C le 120 bliain anuas, Foinse: Met Éireann, an Creat Aeráide Náisiúnta do Sheirbhísí Aeráide (NFCS) 10
Fíor 1-2 Réamh-mheastacháin Fhéideartha Aeráide Amach Anseo d'Éirinn (Foinse: Bunaithe ar: ©GIZ/an Clár Domhanda um Measúnú agus Bainistiú Riosca d'Oiriúnú d'Athrú Aeráide (Caillteanas agus Díobháil) 11
Fíor 1-3 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe 13
Fíor 1-4 Scóip Údaráis Áitiúil i leith gníomhú ar son na haeráide 16
Fíor 1-5 Prionsabail threoracha an phlean údaráis áitiúil um ghníomhú ar son na haeráide 17
Fíor 1-6 Céimeanna forbartha an LACAP 19
Fíor 2-1 Athruithe Aeráide a tugadh faoi deara in Éirinn agus i nGaillimh, ach go háirithe 24
Fíor 2-2 Próifíl Ghuaiseacha Aeráide do Chathair na Gaillimhe ó 1970 go 2022, a baineadh ó Mheasúnú Riosca Aeráide Chathair na Gaillimhe 25
Fíor 2-3 Maitrís riosca aeráide ina léirítear athrú amach anseo ar riosca agus ar mhinicíocht na dtarluithe 26
Fíor 2-4 Próifíl an Fhardail Astaíochtaí Bonnlíne (FAB) ón mBun Aníos do Chathair na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe in 2018 29
Fíor 2-5 Dul chun Cinn astaíochtaí iomlána Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i leith $tCO_2e$ Sprioc 2030 29
Fíor 4-1 Teorainn Chathair na Gaillimhe ina bhfuil an crios dícharbónaithe aibhsithe 44
Fíor 4-2 Teorainn CD Chathair na Gaillimhe 44
Fíor 4-3 Teasléaráid déine astaíochtaí cónaithe limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 45
Fíor 4-4 Teasléaráid déine astaíochtaí iompair limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 45

Fíor 4-5 Teasléaráid déine astaíochtaí cathrach limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 46
Fíor 4-6 Teasléaráid déine geodhéimeagrafaí limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 46
Fíor 4-7 Próifíl an Fhardail Astaíochtaí Bonnlíne (FAB) ón mBun Aníos do Chrios Dícharbónaithe Chathair na Gaillimhe in 2018 47
Fíor 4-8 Spriocanna straitéiseacha Chrios Dícharbónaithe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 48
Fíor 4-9 Limistéir Tosaíochta Straitéisí Chrios Dícharbónaithe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 48
Fíor 44-10 Bealach gníomhartha foirgneamh cónaithe príobháideach 58
Fíor 4-11 Bealach Iompar agus Soghluaisteachta 60
Fíor 4-12 An Bealach gníomhartha tráchtála agus tionsclaíochta 61
Fíor 4-13 Bealach gníomhartha tithíochta sóisialta 62
Fíor 4-14 Bealach gníomhartha foirgneamh cathrach 64
Fíor 5-1 Cláir a bhaineann leis an aeráid lena dtacaíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus an tAontas Eorpach ar siúl in 2023 71
Fíor 5-2 Scéimreach riachtanais tuairiscithe an LACAP 73

## Gluais

| Téarma | Cur Síos |
|---|---|
| Fardal Astaíochtaí Bonnlíne (FAB) | Suim agus catagóiriú na n-astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa a chuirtear i gcuntas i do chathair in aon bhliain ar leith. Seo an bhliain a ndéantar dul chun cinn amach anseo a thomhas ina leith. |
| Bliain bhonnlíne | Seo an bhliain a ríomhadh an FAB, i.e. 2018, a gcuirtear dul chun cinn amach anseo i dtaobh laghduithe astaíochtaí i gcomparáid léi. |
| Bithéagsúlacht | Éagsúlacht na beatha plandaí agus ainmhithe ar domhan nó i ngnáthóg ar leith, a meastar go bhfuil ardleibhéal di tábhachtach agus inmhianaithe. |
| Oiriúnú don aeráid | An próiseas ina ndéantar coigeartú don aeráid féin nó don aeráid ionchasach agus a cuid éifeachtaí le díobháil a mhodhnú nó le teacht i dtír ar dheiseanna tairbhiúla. |

| | |
|---|---|
| Guais aeráide | Teagmhais adhaimsire nó tubaistí nádúrtha ar tosca a bhaineann leis an aeráid is príomhchúis leo. Is féidir leo bheith mar chúis le díobháil do shláinte an duine, do shlite maireachtála, nó d'acmhainní nádúrtha. |
| Maolú aeráide | An próiseas chun athrú aeráide a laghdú ina ndéantar sreabhadh gáis cheaptha teasa isteach san atmaisféar a laghdú trí na foinsí de na gáis seo a laghdú nó barr feabhais a chur ar na slogaidí a bhailíonn agus a stórálann na gáis seo. |
| Aeráidneodracht | An coincheap ina mbaintear astaíochtaí nialasacha gás ceaptha teasa amach trí chothromaíocht a bhaint amach i measc na n-astaíochtaí siúd chun go bhfuil siad cothrom le, nó níos lú ná na hastaíochtaí a bhaintear trí ionsú nádúrtha an phláinéid. Tharlódh an laghdú seo astaíochtaí trí ghníomhú ar son na haeráide. |
| Measúnú Riosca Aeráide | Próiseas ina sainaithnítear agus a mheasúnaítear tionchair fhéideartha an athraithe aeráide ar earnálacha agus ar ghníomhaíochtaí éagsúla. |
| Crios Dícharbónaithe | Limistéar spásúil a shainaithin an t-údarás áitiúil. Limistéar é inar féidir réimse bearta maolaithe aeráide a chur ar bun le chéile chun dul i ngleic le riachtanais áitiúla i dtaobh fuinneamh ísealcharbóin, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus aeráide. |
| Fianaise-bhunaithe | Cur chuige ina leagtar béim ar chur i bhfeidhm praiticiúil na dtorthaí ar an taighde reatha is fearr atá ar fáil. |
| Teagmhais adhaimsire | Am agus áit ina rangaítear dálaí aimsire, aeráide, nó comhshaoil os cionn luach tairsí i ngar do bhun nó do bharr an réimse imeachtaí stairiúla. |
| Astaíochtaí gás ceaptha teasa | Déanann gáis cheaptha teasa (GCTanna) grianfhuinneamh a ghabháil agus cuireann siad cosc ar fhuinneamh na gréine ó phreabadh ar ais isteach sa spás agus cruthaíonn sin an iarmhairt ceaptha teasa, ar an gcaoi sin. Is iad na príomhastaíochtaí GCT galuisce (H2O), dé-ocsaíd charbóin |

| | |
|---|---|
| | (CO2), meatán (CH4), ocsaíd nítriúil (N2O), hidreafluaracarbóin (HFCanna), sárfhluaracarbóin (PFCanna) agus heicseafluairíd sulfair (SF6). Déanann astaíochtaí gás ceaptha teasa de bharr gníomhaíochtaí an duine an iarmhairt ceaptha teasa níos measa agus cuireann sin le hathrú aeráide. |
| Plean Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide (LACAP) | Pleananna chun cuidiú le húdaráis áitiúla dul i ngleic ar bhealach comhtháite le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a mhaolú agus le hoiriúnú don aeráid. Ceanglaítear, faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, ar gach údarás áitiúil plean údaráis áitiúil um ghníomhú ar son na haeráide a ullmhú dá limistéar riaracháin faoi seach. A luaithe a ghlacfaidh na comhairlí áitiúla leis, beidh gach plean bailí ar feadh cúig bliana agus déanfar é a nuashonrú gach cúig bliana, ar a laghad. |
| Comhaontú Pháras | Conradh idirnáisiúnta maidir le hathrú aeráide atá ina cheangal dlí ar comhaontaíodh leis in 2015 ag Cruinniú Mullaigh COP21 an UNFCCC. |

## Giorrúcháin

| Giorrúchán | Téarma |
|---|---|
| FAB | Fardal Astaíochtaí Bonnlíne |
| CAP | Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| CARO | Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| $CO_2$ | Dé-ocsaíd Charbóin |
| CD | Crios Dícharbónaithe |
| AE | An tAontas Eorpach |
| CCG | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| GCT | Gás Ceaptha Teasa |
| PTF | Príomhtháscaire Feidhmíochta |



DRAFT

| | |
|---|---|
| LACAP | Plean Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| RESS | Scéim Tacaíochta d'Fhuinneamh In-athnuaite |
| SEAI | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| SEC | Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe |
| CBS | Coiste um Beartais Straitéiseacha |
| $tCO_2e$ | Tonnaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin |
| NA | Na Náisiúin Aontaithe |

## Tagairtí


1. Irelands Climate Action Plan

   gov.ie - Climate Action and Environment (www.gov.ie)

2. Galway City Council Climate Action

   GalwayCity - Climate Change

3. Galway City Council Climate Adaptation Plan

   galwaycity.ie/uploads/downloads/application_forms/environment/Galway City Council Adaptation Strategy 2019-2024.pdf

4. NetZeroCities Project

   NetZeroCities

5. Paris Agreement

   The Paris Agreement | UNFCCC

6. 2030 agenda for sustainable development

   THE 17 GOALS | Sustainable Development (un.org)

7. European Green Deal

   The European Green Deal (europa.eu)


DRAFT

8. Our Shared Future – Irelands Programme for Government

9. gov.ie - Programme for Government: Our Shared Future (www.gov.ie)

10. Ireland's National Adaptation Framework

    gov.ie - National Adaptation Framework (NAF) (www.gov.ie)

11. Ireland's Long-term Strategy

    gov.ie - Long-term Strategy on Greenhouse Gas Emissions Reductions (www.gov.ie)

12. Local Authority Climate Action Charter

    gov.ie - Local Authority Climate Action Charter (www.gov.ie)

13. Local Authority Climate Action Plan Guidelines

    gov.ie - Guidelines for Local Authority Climate Action Plans (www.gov.ie)

14. Galway City Local Economic Community Plan (LECP)

    GalwayCity - Local Economic and Community Plan (LECP)

15. DECC Local Authority Climate Action Plan Guidelines 'Technical Annex C: Climate Mitigation Assessment'

    e165c6b5-3eed-487d-b4ec-1db46dcec7e1.pdf (www.gov.ie)

16. Ireland 2040 – Our Plan - National Planning Framework

    gov.ie - National Planning Framework - Ireland 2040 Our Plan (NPF) (2018) (www.gov.ie)

17. Galway City Development Plan 2023-2029

    GalwayCity - Galway City Development Plan 2023 - 2029

18. Irelands Building Regulations

    gov.ie - Building Regulations (www.gov.ie)

19. Climate Jargon Buster

DRAFT

https://climatejargonbuster.ie/wp-content/uploads/2021/02/ClimateJargonBuster_A-Z_a.pdf

20. National Adult Literacy Agency Plain English Guide to Environmental Terms

https://www.nala.ie/wp-content/uploads/2019/08/A-plain-English-guide-to-environmental-terms.pdf

DRAFT